An Coimisiún Eorpach



# An Painéal Saoránach Eorpach um Chur Amú Bia

## Tuarascáil Chríochnaitheach

#FoodWasteEU

AN PAINÉAL SAORÁNACH EORPACH UM CHUR AMÚ BIA

Arna chríochnú mí Iúil 2023

Ní féidir a mheas gurb é atá sa doiciméad seo seasamh oifigiúil an Choimisiúin Eorpaigh.

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2023

© An tAontas Eorpach, 2023

Déantar beartas athúsáide dhoiciméid an Choimisiúin Eorpaigh a rialú le Cinneadh 2011/833/AE ón gCoimisiún an 12 Nollaig 2011 maidir le hathúsáid dhoiciméid an Choimisiúin (IO L 330, 14.12.2011, lch. 39). Ach amháin má shonraítear a mhalairt, údaraítear an doiciméad seo a athúsáid faoi cheadúnas Creative Commons Attribution 4.0 International (CC BY 4.0) (https://creativecommons.org/licenses/by/4.0/). Ciallaíonn sé sin go gceadaítear an athúsáid ar choinníoll go dtugtar an t-aitheantas cuí agus go léirítear aon athrú a dhéantar.

A h-uile dealbhan © An tAontas Eorpach.

| | | | |
|---|---|---|---|
| Print | ISBN 978-92-68-06462-7 | doi:10.2775/093060 | NA-09-23-364-GA-C |
| PDF | ISBN 978-92-68-06461-0 | doi:10.2775/460803 | NA-09-23-364-GA-N |

# ÁBHAR

**1. Réamhrá** .......... **2**

**2. Príomhghnéithe an Phainéil Saoránach Eorpach um Chur Amú Bia** .......... **5**

2.1. Roghnú randamach agus comhdhéanamh déimeagrafach an phainéil .......... 6

2.2. An coiste stiúrtha .......... 10

2.3. An coiste eolais .......... 11

2.4. Ionad eolais agus faisnéise .......... 12

2.5. Cainteoirí .......... 12

2.6. Príomhmhodhnóirí .......... 14

2.7. Éascaitheoirí .......... 14

2.8. Breathnóirí .......... 15

**3. Creat modheolaíochta agus seisiúin aonair** .......... **16**

3.1. Creat modheolaíochta .......... 17

3.2. Seisiún 1: Próiseas agus aschuir .......... 18

3.3. Seisiún 2: Próiseas agus aschuir .......... 23

3.4. Seisiún 3: Próiseas agus aschuir .......... 27

**4. Na chéad chéimeanna eile** .......... **34**

**Iarscríbhinn: Moltaí deiridh** .......... **37**

Bloc topaicí I — Comhar sa slabhra luacha bia: ón bhfeirm go dtí an forc .......... 38

Bloc topaicí II — ‘Tionscnaimh ghnó bia’ .......... 43

Bloc topaicí III — Tacaíocht a thabhairt chun iompar i measc tomhaltóirí a athrú .......... 47



# 1. Réamhrá

D'eagraigh an Coimisiún Eorpach trí Phainéal Saoránach Eorpach in 2023, a raibh ceann acu bunaithe ar chur amú bia. Thug gach ceann de na painéil suas le 150 saoránach a roghnaíodh go randamach ó gach ceann de 27 mBallstát an Aontais le chéile chun plé a dhéanamh agus moltaí a dhéanamh roimh phríomhthograí ón gCoimisiún. Comhlíonann na Painéil an gealltanas a cuireadh in iúl i dTeachtaireacht an 17 Meitheamh 2022 dar teideal 'an Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa:fís a chur i bhfeidhm' ([1]) agus ón Uachtarán von der Leyen le linn aitheasc ar Staid an Aontais 2022. Ba é an Painéal Saoránach Eorpach maidir le Cur Amú Bia an chéad phainéal a bhí ar siúl, agus bhí trí sheisiún ann an 16–18 Nollaig 2022, an 20–22 Eanáir, agus an 10–12 Feabhra 2023.

Ní mór laghdú a dhéanamh ar chur amú bia ar scála agus ar luas níos mó má tá an tAontas agus a Bhallstáit chun a dtiomantas do Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe (SDG) a chomhlíonadh ([2]). Tá sé sin ríthábhachtach ní hamháin i bhfianaise dhaonra an domhain atá ag dul i méid agus i bhfianaise na ndúshlán a bhaineann leis sin don tslándáil bia, ach freisin chun tionchair chomhshaoil agus aeráide ár gcóras bia a mhaolú. Agus é á aithint aige a thábhachtaí atá sé cur amú bia san Eoraip a laghdú, tá an sprioc sin comhtháite ag an Aontas ina Straitéis 2020 ón bhFeirm go dtí an Forc le haghaidh córas bia atá cothrom, sláintiúil agus neamhdhíobhálach don chomhshaol. I gcomhréir leis an straitéis sin, ghlac an Coimisiún, an 5 Iúil 2023, togra reachtach ([3]) ina leagtar síos spriocanna laghdaithe dramhaíola bia atá ceangailteach ó thaobh dlí a bheidh le comhlíonadh ag na Ballstáit faoi dheireadh 2030. Leis an méid sin, iarrfar ar Bhallstáit uile an Aontais gníomhaíocht uaillmhianach a dhéanamh chun cur amú bia ina gcríocha faoi seach a laghdú.

Ós rud é gurb ionann cur amú bia ó theaghlaigh agus níos mó ná leath den cur amú bia a ghintear san Aontas, is féidir le saoránaigh a bheith ina ngníomhaithe riachtanacha chun dul i ngleic leis an tsaincheist sin. Is gá gníomhú chun cur amú bia a laghdú ar gach leibhéal de shlabhra an tsoláthair bia — ó tháirgeadh príomhúil agus monarú táirgí bia go miondíol, seirbhísí bia agus tomhaltas — ach léiríonn na méideanna arda a ghintear ar leibhéal tomhaltais ábharthacht léargais agus moltaí na saoránach. Sa chomhthéacs sin, iarradh ar na rannpháirtithe sa chéad Phainéal Saoránach Eorpach seo liosta moltaí a ullmhú maidir le conas dlús a chur le gníomhaíocht chun cur amú bia san Aontas a laghdú. Chuirfí na moltaí sin san áireamh ansin i gclár oibre foriomlán an Choimisiúin a bhaineann le cur amú bia a chosc agus chuirfí san áireamh iad agus an togra reachtach atá ar na bacáin á ullmhú. Táthar ag súil freisin go bhfeidhmeoidh moltaí an phainéil mar threoir chun cabhrú le Ballstáit an Aontais na spriocanna maidir le laghdú dramhaíola bia a bhaint amach, a leagtar amach sa Treoir Réime Dramhaíola athbhreithnithe, faoi 2030.

Chuir an Painéal tuairimí na saoránach in iúl maidir le gníomhaíochtaí ba cheart do Bhallstáit an Aontais, do ghníomhaithe i slabhra an tsoláthair bia, do shaoránaigh agus do gheallsealbhóirí príobháideacha agus poiblí eile a dhéanamh chun dlús a chur le cur amú bia a laghdú agus chun na spriocanna atá le socrú ar leibhéal an Aontais a bhaint amach. Bunaithe ar ábhair faisnéise, ionchuir saineolaithe, chomh maith le díospóireachtaí i meithleacha agus i suí iomlánach, shainaithin rannpháirtithe an Phainéil Saoránach um Chur Amú Bia saincheisteanna atá ábhartha do thogra beartais nua an Choimisiúin agus chuir siad in ord tosaíochta iad. Déantar achoimre ar ionchuir agus ar aschuir an Phainéil sa tuarascáil seo, lena n-áirítear an iarscríbhinn a ghabhann léi. Déantar achoimre sa tuarascáil seo ar phríomhghnéithe an Phainéil Saoránach Eorpach um Chur Amú Bia, agus leagtar amach inti a chreat modheolaíochta, an chaoi ar éascaíodh díospóireachtaí, torthaí na dtrí sheisiún chomh maith leis na chéad chéimeanna eile.

---

([1]) Teachtaireacht ón gCoimisiún teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún An Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa — Gníomhaíocht nithiúil a dhéanamh den fhís COM(2022)404 final. (https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/HTML/?uri=CELEX:52022DC0404).

([2]) Éilítear le Sprioc 12.3 SDG go laghdófaí faoina leath an dramhaíl bhia dhomhanda per capita ar leibhéal miondíola agus tomhaltóirí faoi 2030, agus go laghdófaí caillteanas bia feadh shlabhra an tsoláthair bia.

([3]) Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2008/98/CE maidir le dramhaíl, COM(2023) 420 final (https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/HTML/?uri=CELEX:52023PC0420).


10/02/23 - 16:00
Topic block 2:
Topic block 3:
Alcide de Gasperi room (Groups 1-4)
Jenkins room (Groups 5-8)

# 2. Príomhghnéithe an Phainéil Saoránach Eorpach um Chur Amú Bia



## 2.1. ROGHNÚ RANDAMACH AGUS COMHDHÉANAMH DÉIMEAGRAFACH AN PHAINÉIL

Rinneadh rannpháirtithe an Phainéil Saoránach a earcú trí roghnú randamach toisc gur cur chuige cothrom, comhsheasmhach agus iontaofa é sin chun daoine aonair a roghnú do phróisis rannpháirtíochta den sórt sin. Má chuirtear i bhfeidhm i gceart é, is féidir le roghnú randamach éagsúlacht agus ionadaíochas a mhéadú. Rinne *Kantar Public* an earcaíocht seo le tacaíocht ó 27 ngníomhaireachtaí earcaíochta náisiúnta. I bhformhór na dtíortha, earcaíodh rannpháirtithe ar an nguthán agallaimh ríomhchuidithe teileafóin, trí dhiailiú digiteach randamach a úsáid. I roinnt tíortha eile, áfach, úsáideadh modhanna duine le duine nó roghnú randamach ó phainéal ar líne dóchúlaíoch (Lucsamburg amháin). Tháinig athrú ar an meánráta glactha ar fud na dtíortha ach 4.5 % an meán a bhí ann.

I dTábla 1, tugtar forléargas ar líon inmhianaithe na bpainéalaithe saoránach ar fud Bhallstáit an Aontais (cuótaí tíre), chomh maith le líon iarbhír agus cóimheas tíre na rannpháirtithe in aghaidh an tseisiúin. Ba é an aidhm a bhí ann leibhéal ionadaíochta ar Bhallstáit an Aontais a bhaint amach a bheadh comhréireach le méid a ndaonra, agus é cothromaithe de réir líon íosta bheirt saoránach in aghaidh na tíre [4]. Is é sin le rá, leagadh síos spriocanna arda do thíortha a bhfuil daonra mór acu, amhail an Ghearmáin (19 saoránach), agus tugadh cuireadh do bheirt saoránach ó Mhálta agus as Lucsamburg faoi seach. Go ginearálta, bhí leibhéal maith tinrimh ann, rud a léirigh go ginearálta na spriocanna a bhí leagtha síos. I gcás 23 Bhallstát as 27 mBallstát an Aontais, baineadh amach na spriocanna rannpháirtíochta. Ar an iomlán, as an 150 rannpháirtí spriocdhírithe, ghlac 148 saoránach páirt i gceann amháin ar a laghad de na seisiúin.

[4] Gineadh na cuótaí tíre trí úsáid a bhaint as córas comhréireachta céimlaghdaithí, a úsáidtear freisin chun líon na suíochán in aghaidh an Bhallstáit i bParlaimint na hEorpa a ríomh.

**Tábla 1: Comhdhéanamh déimeagrafach an Phainéil**

| TÍR | RANNPHÁIRTITHE SPRIOCDHÍRITHE | RANNPHÁIRTITHE IARBHÍR | | |
|---|---|---|---|---|
| | | Seisiún 1 | Seisiún 2 | Seisiún 3 |
| An Bheilg | 5 | 4 | 5 | 4 |
| An Bhulgáir | 4 | 4 | 4 | 4 |
| An tSeicia | 5 | 5 | 5 | 5 |
| An Danmhairg | 3 | 3 | 3 | 3 |
| An Ghearmáin | 19 | 17 | 18 | 16 |
| An Eastóin | 2 | 2 | 2 | 2 |
| Éire | 3 | 3 | 3 | 3 |
| An Ghréig | 5 | 5 | 5 | 5 |
| An Spáinn | 12 | 12 | 13 | 13 |
| An Fhrainc | 15 | 16 | 16 | 16 |
| An Chróit | 2 | 2 | 2 | 2 |
| An Iodáil | 15 | 13 | 13 | 12 |
| An Chipir | 2 | 2 | 2 | 2 |
| An Laitvia | 2 | 2 | 2 | 2 |
| An Liotuáin | 2 | 2 | 2 | 2 |
| Lucsamburg | 2 | 2 | 2 | 2 |
| An Ungáir | 5 | 2 | 2 | 2 |
| Málta | 2 | 2 | 2 | 2 |
| An Ísiltír | 6 | 6 | 6 | 6 |
| An Ostair | 4 | 4 | 4 | 4 |
| An Pholainn | 10 | 10 | 12 | 11 |
| An Phortaingéil | 5 | 5 | 5 | 5 |
| An Rómáin | 7 | 7 | 7 | 7 |
| An tSlóivéin | 2 | 2 | 2 | 2 |
| An tSlóvaic | 3 | 3 | 3 | 3 |
| An Fhionlainn | 3 | 3 | 3 | 3 |
| An tSualainn | 5 | 4 | 4 | 4 |
| **IOMLÁN** | **150** | **142** | **147** | **142** |

Chun a chinntiú gur léirigh an Painéal éagsúlacht dhaonra an Aontais a mhéid is féidir, rinneadh sprioc-chuótaí do rannpháirtithe a shainiú de réir na saintréithe sochdhéimeagrafacha a chuirtear i láthair sa tábla thíos (tagraíonn sciartha iarbhír na rannpháirtithe do na 148 saoránach a d'fhreastail ar cheann amháin ar a laghad de na seisiúin). Eisceacht amháin ab ea an rogha ró-ionadaíocht a dhéanamh ar an óige trí thrian den phainéal a earcú sa chatagóir 16–25 fiú más lú an chatagóir sin ná 33 % de dhaonra na hEorpa ([5]).

## Fíor 1: Dáileadh na rannpháirtithe de réir inscne, aoise, áit chónaithe agus oideachais







([5]) De réir Eurostat, is ionann an t-aoisghrúpa seo agus 10.6 % de dhaonra an Aontais Eorpaigh (EUROSTAT, 2022).

**Dáileadh na rannpháirtithe de réir a n-áite cónaithe**




**Dáileadh na rannpháirtithe de réir a leibhéil oideachais**



## 2.2. AN COISTE STIÚRTHA

Rinne an Coiste Stiúrtha an Painéal Saoránach Eorpach um Chur Amú Bia a cheapadh, a eagrú agus a stiúradh. Tháinig sé le chéile uair sa tseachtain chun cinneadh a dhéanamh maidir le cúrsaí coincheapúla agus eagraíochtúla, lena n-áirítear an mhodheolaíocht, an lóistíocht agus ceisteanna a bhaineann leis an mbuiséad. Bhí an coiste comhdhéanta d'ionadaithe ón gCoimisiún Eorpach agus conraitheoirí. Ar thaobh an Choimisiúin Eorpaigh, chuir dhá Ard-Stiúrthóireacht (AS) le hobair an Choiste Stiúrtha: an Ard-Stiúrthóireacht um Shláinte agus Sábháilteacht Bia, atá freagrach as tionscnaimh a bhaineann le cur amú bia, lena n-áirítear ullmhú an togra reachtaigh lena socraítear spriocanna laghdaithe dramhaíola bia atá le baint amach ag na Ballstáit, agus Ard-Stiúrthóireacht na Cumarsáide, atá i gceannas ar an gcéim nua de rannpháirtíocht na saoránach agus atá freagrach go háirithe as modheolaíocht agus eagrú na bPainéal Saoránach Eorpach.

D'oibrigh na conraitheoirí le chéile chun an ghlúin nua seo de Phainéil Saoránach Eorpach a dhearadh agus a chur chun feidhme. Ba iad *Kantar Public* a rinne an earcaíocht. Ba iad *VOEoraip* agus *MCI* a bhí freagrach as cumarsáid agus cúnamh na saoránach agus as gach gné eagrúcháin de na trí sheisiún. Ina theannta sin, thug Foireann idirnáisiúnta um Dhíospóireachtaí, atá comhdhéanta de *ifok* (an Ghearmáin), *Missions Publiques* (an Fhrainc), fondúireacht Bhord Teicneolaíochta na Danmhairge (an Danmhairg), agus *deliberativa* (an Spáinn), saineolaithe le chéile chun an pléphróiseas a dhearadh agus a éascú. Chuir comhpháirtithe na Foirne Díospóireachta a bhfios gnó le chéile chun an próiseas rannpháirtíochta foriomlán agus modheolaíocht gach seisiúin a choincheapú, in éineacht le hArd-Stiúrthóireacht na Cumarsáide. Bhí an Fhoireann Díospóireachta freagrach as nóta Coincheapa a dhréachtú, ina leagtar amach sainchúram an phainéil, in éineacht le hArd-Stiúrthóireacht um Shláinte agus Sábhailteacht Bia agus Ard-Stiúrthóireacht na Cumarsáide agus as Coiste Eolais comhairleach a chur ar bun. Thairis sin, le tacaíocht ó Ard-Stiúrthóireacht um Shláinte agus Sábháilteacht Bia agus ón gCoiste Eolais, rinne sí cainteoirí a earcú agus a chur ar an eolas a chabhraigh le saoránaigh tuiscint a fháil ar an tsaincheist ina castacht, agus aghaidh a thabhairt ar cheisteanna na saoránach le linn na dtrí sheisiún. Chomh maith leis sin, chomhordaigh sí an chumarsáid leis na saoránaigh chomh maith leis an bhfoireann tacaíochta ar an láthair, rinne sí an phríomhmhodhnóireacht agus éascú na hoibre grúpa, agus rinne sí maoirseacht ar an tuairisciú ar na torthaí.






## 2.3. AN COISTE EOLAIS

Trí Choiste Eolais atá comhdhéanta de shaineolaithe i réimse an choisc ar chur amú bia, cuireadh feabhas ar shláine an phléphróisis trí cháilíocht, oibiachtúlacht, éagsúlacht agus sothuigtheacht na faisnéise a chuirtear ar fáil do shaoránaigh a ráthú. Ba é ról an Choiste Eolais eolas agus saineolas a chur ar fáil chun cothrom na Féinne a chruthú do na rannpháirtithe uile agus chun plé eatarthu a éascú. Rinneadh é sin, i measc nithe eile, trí Phacáiste Faisnéise a scaipeadh ar shaoránaigh roimh an gcéad seisiún. Forbraíodh an t-ionchur beartais fíorasach i ndlúthchomhar leis an gCoiste Stiúrtha.

Chuidigh an Coiste Eolais freisin leis an bhFoireann Díospóireachta comharthaí laga (e.g., easpa díospóireachta) agus caochspotaí a shainaithint laistigh de phlé na saoránach (mar shampla, forluí féideartha idir smaointe agus tionscnaimh de chuid an Aontais atá ann cheana agus/nó réimsí nach raibh fianaise ag tacú leis an ngníomhaíocht atá beartaithe iontu). Chomh maith leis sin, rinne siad seiceáil fíorais agus d'fhreagair siad ceisteanna saoránach le linn na seisiún agus ina ndiaidh, le tacaíocht ó Ionad Eolais agus Faisnéise (IEF), ina raibh saineolaithe eile ón gCoimisiún rannpháirteach freisin. Ina theannta sin, thacaigh siad leis an bhFoireann Díospóireachta agus iarracht á déanamh aici aschuir na saoránach a bhraisliú ina bpríomhchatagóirí gníomhaíochta, bunaithe ar a n-eolas agus a dtaithí ar chur amú bia a chosc.

Bhí an Coiste Eolais comhdhéanta de chúigear comhaltaí arna roghnú ag an gCoiste Stiúrtha, bunaithe ar na critéir seo a leanas: saineolas a chumhdaíonn réimse leathan réimsí eolais; aitheantas leathan dá bhfios gnó agus dá dtaithí sa réimse, i measc geallsealbhóirí agus piaraí araon; an cumas tuairimí éagsúla ar an ábhar a thuiscint, a aithint agus a chur in iúl, lena n-áirítear comhbhabhtálacha féideartha; éagsúlacht i dtéarmaí inscne, náisiúntacht, agus cleamhnachtaí. Ina theannta sin, thug ionadaí ó AS SANTE léargas ar bheartais an Aontais.

Ba iad seo a leanas comhaltaí an Choiste Eolais:

- → Laura Fernández Celemín An Chomhairle Eorpach um Fhaisnéis faoi Bhia
- → Betty Chang, An Chomhairle Eorpach um Fhaisnéis faoi Bhia
- → Anne-Laure Gassin, An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht na Sláinte agus na Sábháilteachta Bia
- → Gyula Kasza, Ollscoil Tréidliachta, Búdaipeist, an Ungáir
- → Maïwenn L'Hoir, An Aireacht Talmhaíochta, Agrabhia agus Foraise, an Fhrainc
- → Toine Timmermans, Ollscoil & Taighde Wageningen, an Ísiltír.

## 2.4. IONAD EOLAIS AGUS FAISNÉISE

Bunaíodh Ionad Eolais agus Faisnéise (IEF) chun freagra a thabhairt ar cheisteanna agus ar iarratais ar shoiléiriú a sheol saoránaigh le linn a bpléití. Ar an IEF bhí saineolaithe ó AS COMM, AS SANTE agus saineolaithe ó Ard-Stiúrthóireachtaí eile an Choimisiúin ar iarradh orthu freagraí a thabhairt ar a réimsí beartais faoi seach, chomh maith le comhaltaí den Choiste Eolais. Le linn na dtrí sheisiún den Phainéal Saoránach um Chur Amú Bia, thug an IEF freagraí i scríbhinn ar bhreis agus 100 ceist a tharraing na saoránaigh anuas. Sa tríú seisiún, rinne comhaltaí IEF idirghabhálacha gearra sa 12 mheitheal chun aon saincheist a bhí fós gan réiteach a shoiléiriú sular chuir saoránaigh a moltaí deiridh le chéile.

## 2.5. CAINTEOIRÍ

Chomh maith le comhaltaí an Choiste Eolais, iarradh ar roinnt páirtithe leasmhara agus saineolaithe seasaimh agus taithí éagsúla a chur i láthair maidir le cur amú bia a laghdú, agus ceisteanna na saoránach a fhreagairt. Chuir na cainteoirí samplaí de ghníomhartha éifeachtacha i láthair chun cur amú bia a laghdú agus leag siad amach cé na gníomhaithe is gá a bheith rannpháirteach. Chuir siad faisnéis ar fáil faoi thionchar na mbeart chun cur amú bia a laghdú ar an gcomhshaol, ar an ngeilleagar agus ar an tsochaí. Phléigh siad freisin an tábhacht a bhaineann le páirtithe éagsúla a mhealladh chun athrú a bhaint amach, agus na réamhchúraimí atá le glacadh chun éifeachtaí diúltacha a d'fhéadfadh a bheith ann a íoslaghdú (e.g. níor cheart go mbainfeadh cosc ar chur amú bia an bonn a bhaint de shábháilteacht bia). Rinne an Coiste Eolais deimhin de go raibh an t-eolas a cuireadh i láthair do na saoránaigh cothrom, leordhóthanach agus ionadaíoch a dhóthain ar phríomhsheasaimh lucht ceaptha beartas agus geallsealbhóirí san Aontas. Liostaíear na cainteoirí a labhair le linn na seisiún i dTábla 2.



## Tábla 2 : Cainteoirí

| SEISIÚN 1 | |
|---|---|
| **Fearadh na fáilte** | **Dubravka Šuica,** *Leas-Uachtarán um Dhaonlathas agus um Dhéimeagrafaíocht, an Coimisiún Eorpach* |
| | **Stella Kyriakides,** *Coimisinéir um Shláinte agus um Shábháilteacht Bia, an Coimisiún Eorpach* |
| | **Pia Ahrenkilde Hanse,** *Ard-Stiúrthóir, Ard-Stiúrthóireacht na Cumarsáide, an Coimisiún Eorpach* |
| **Saineolaithe de chuid an Choimisiúin Eorpaigh** | **Gaëtane Ricard-Nihoul**, *Leas-Cheann Aonaid Aonad Chomhphlé na Saoránach, Ard-Stiúrthóireacht na Cumarsáide, an Coimisiún Eorpach* |
| | **Anne-Laure Gassin**, *Ceann foirne na Straitéise Ón bhFeirm go dtí an Forc, an Ard-Stiúrthóireacht um Shláinte agus Sábháilteacht Bia, an Coimisiún Eorpach* |
| **Saineolaithe agus cleachtóirí seachtracha** | **Toine Timmermans,** *Bainisteoir an chláir 'Sustainable Food Chains' (slabhraí bia inbhuanaithe) ag Ollscoil Wageningen* |
| | **Victor De Meester,** *Comhordaitheoir Comhshaoil Colruyt Group* |
| | **Betty Chang,** *Ceann foirne an Limistéir Taighde, An Chomhairle Eorpach maidir le Faisnéis Bhia* |
| | **Thomas Candéal**, *Bainisteoir Tionscadail, An Chomhghuaillíocht Idirnáisiúnta um Chur Amú Bia* |
| | **Maïwenn L´Hoir,** *Bainisteoir Tionscadail ar son an chomhraic i gcoinne an chur amú bia agus na neamhshlándála bia — bia inbhuanaithe, Aireacht Talmhaíochta agus Bhiafhlaithis na Fraince* |
| | **Gyula Kasza,** *Comhordaitheoir Maradék Nélkül (An Tionscadal um Dhramhaíl Nialasach), clár náisiúnta na hUngáire chun cur amú bia a chosc; Ollamh Comhlach ag Ollscoil Tréidliachta na hUngáire* |
| | **Bruno Menne**, *Comhairleoir Sinsearach Beartais maidir leis an tsábháilteacht bia, le faisnéis do thomhaltóirí, le cothú agus beatha ainmhithe, agus le dearbhú cáilíochta ag COPA COGECA* |
| | **Angela Frigo**, *Ard-Rúnaí, Cónaidhm Eorpach na mBanc Bia* |
| **Ráiteas scoir** | **Richard Kühnel,** *Stiúrthóir, Ionadaíocht agus Cumarsáid sna Ballstáit, an Coimisiún Eorpach* |
| **SEISIÚN 2** | |
| **Fearadh na fáilte** | **Anne-Laure Gassin**, *Ceann Foirne, an tAonad Straitéise 'Ón bhFeirm go dtí an Forc', Ard-Stiúrthóireacht na Sláinte, an Coimisiún Eorpach* |
| **Bloc topaicí I:** 'Comhar sa slabhra luacha bia: Ón bhfeirm go dtí an forc' | **Toine Timmermans,** *Bainisteoir an chláir 'Sustainable Food Chains' (slabhraí bia inbhuanaithe) ag Ollscoil Wageningen* |
| | **Dorothée Briaumont**, *Stiúrthóir Feidhmiúcháin, SOLAAL* |
| | **Francisca Feiteira**, *Oifigeach Beartais Bia, Bia Mall* |
| | **Fabien Santini**, *Leas-Cheann Aonaid — Rialachas na margaí agraibhia, Ard-Stiúrthóireacht na Talmhaíochta agus na Forbartha Tuaithe, an Coimisiún Eorpach* |
| **Bloc topaicí II:** 'Tionscnaimh gnó bia' | **Ahmed Soliman**, *Stiúrthóir Caighdeáin Dearaidh, Danone* |
| | **Marine Thizon**, *Bainisteoir Gnóthaí Poiblí, HOTREC* |
| | **Fabrizio Fabbri,** *Bainisteoir Bia & Inbhuanaitheachta, Euro Coop* |
| | **Eduardo Montero Mansilla**, *Oifigeach Bia, La Federación de Consumidores y Usuarios CECU* |
| **Bloc topaicí III:** 'Tacaíocht a thabhairt chun iompraíocht tomhaltóirí a athrú' | **Erica van Herpen,** *Ollamh Comhlach sa Ghrúpa Margaíochta agus Iompar Tomhaltóra, Ollscoil Wageningen* |
| | **Odile Le Bolloch**, *Eolaí Chomhshaoil, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Éire* |
| | **João Toledo,** *Saineolaí Náisiúnta san Eagraíocht Táirgeachta Talmhaíochta, An Aireacht Talmhaíochta, an Phortaingéil* |

| SEISIÚN 3 | |
|---|---|
| **Topaicí idirdhisciplíneacha** | **Toine Timmermans,** *Bainisteoir an chláir 'Sustainable Food Chains' (slabhraí bia inbhuanaithe) ag Ollscoil Wageningen* |
| | **Anja De Cunto**, *Ceann foirne um Bia ag EUROCITIES* |
| | **Maiwenn L'Hoir,** *Bainisteoir Tionscadail ar son an chomhraic i gcoinne an chur amú bia agus na neamhshlándála bia – bia inbhuanaithe, Aireacht Talmhaíochta agus Bhiafhlaithis na Fraince* |
| **Bloc topaicí I:** 'Comhar sa slabhra luacha bia: Ón bhfeirm go dtí an forc' | **Angela Frigo,** *Ard-Rúnaí, Cónaidhm Eorpach na mBanc Bia* |
| | **Eva Sali,** *Comhairleoir Beartais, Sábháilteacht bia, Copa Cogeca* |
| | **Luc Lignon,** *Stiúrthóir na Roinne Beartais Bia, Cathair Montpellier, an Fhrainc* |
| **Bloc topaicí II:** 'Tionscnaimh gnó bia' | **Els Bedert,** *Stiúrthóir, Beartas maidir le Táirgí & Inbhuanaitheacht ag EuroCommerce* |
| | **Timothy John Hobley,** *Ollamh Comhlach, Ollscoil Theicniúil na Danmhairge, an Institiúid Náisiúnta um Bia* |
| | **Minna Huttunen,** *Comhairleoir Aireachta ag Aireacht Talmhaíochta agus Foraoiseachta na Fionlainne* |
| **Bloc topaicí III:** 'Tacaíocht a thabhairt chun iompraíocht tomhaltóirí a athrú' | **Gyula Kasza,** *Comhordaitheoir Maradék Nélkül (An Tionscadal um Dhramhaíl Nialasach), clár náisiúnta na hUngáire chun cur amú bia a chosc; Ollamh Comhlach ag Ollscoil Tréidliachta na hUngáire* |
| | **Camille Perrin,** *Oifigeach Sinsearach um Beartas Bia ag Biúró Eorpach na gCumann Tomhaltóirí (BEUC)* |
| | **Marjolijn Schrijnen,** *Bainisteoir Sinsearach Tionscadail, Ionad Cothaithe na hÍsiltíre* |
| **Ráiteas scoir** | **Colin Scicluna**, *Ceann Aireachta an Leas-Uachtaráin um Dhaonlathas agus um Dhéimeagrafaíocht, an Coimisiún Eorpach* |
| | **Sandra Gallina**, *Ard-Stiúrthóir, Ard-Stiúrthóireacht um Shláinte agus Sábháilteacht Bia, an Coimisiún Eorpach* |
| | **Pia Ahrenkilde Hansen**, *Ard-Stiúrthóir, Ard-Stiúrthóireacht na Cumarsáide* |

## 2.6. PRÍOMHMHODHNÓIRÍ

Threoraigh beirt phríomhmhodhnóirí na saoránaigh trí na trí sheisiún agus stiúir siad an plé sa seisiún iomlánach. Chuir siad faisnéis ar fáil faoi sprioc ghinearálta an Phainéil agus faoi mhodheolaíocht na seisiún aonair chomh maith le faisnéis faoi ghnéithe eagraíochtúla. D'éascaigh na príomhmhodhnóirí díospóireachtaí idir na cainteoirí ar saineolaithe iad freisin, chinntigh siad gur cuireadh eolas ar fáil go cothrom agus go neamhchlaonta le linn an phlé, agus d'éascaigh siad seisiúin ceisteanna agus freagraí idir saineolaithe agus saoránaigh chomh maith le hidirghníomhaíocht idir modhnóirí agus saoránaigh maidir le hábhar agus próiseas. Ina theannta sin, thug na príomhmhodhnóirí na torthaí uile le chéile i seisiúin iomlánacha deiridh gach seisiúin. Ba iad seo a leanas na príomhmhodhnóirí:

- Jacob Birkenhäger (*ifok*);
- Kathrine Collin Hagan (fondúireacht Bhord Teicneolaíochta na Danmhairge).

## 2.7. ÉASCAITHEOIRÍ

D'oibrigh saoránaigh in 12 mheitheal, d'éascaigh beirt chomhaltaí ón bhFoireann Díospóireachta iad agus thug siad cúnamh dóibh: éascaitheoir amháin a raibh taithí aige/aici agus cúntóir amháin. Ba é dualgas na n-éascaitheoirí ná an plé sna meithleacha a stiúradh agus sreabhadh oibre rianúil a chumasú tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- atmaisféar cairdiúil agus comh-mheasúil a chruthú chun rannchuidiú cothrom ó na rannpháirtithe uile a chur chun cinn;
- a áirithiú gur cuireadh gach saoránach ar an eolas faoin bpróiseas foriomlán agus treoir a thabhairt do shaoránaigh in obair an ghrúpa;

- a áirithiú go mbainfear amach cuspóirí sheisiúin na meithle, i.e., sainaithint coinbhleachtaí agus easaontais idir na saoránaigh a éascú, agus díospóireacht agus comhthoil idir na saoránaigh á gcur chun cinn;
- amchoimeád, nótaí a ghlacadh agus an plé a chomhdhlúthú i ndoiciméid oibre ilteangacha agus idirnasctha;
- iarrataí a rinne na saoránaigh sna meithleacha a nascadh leis an bhfoireann tacaíochta nó leis na saineolaithe, e.g. trí bharúlacha nó ceisteanna a bhí ar feitheamh a bhailiú;
- páirt a ghlacadh i seisiúin faisnéisithe leis an bhFoireann Díospóireachta.

Bhí na héascaitheoirí gairmiúla a raibh taithí acu fostaithe ag *ifok*, *Missions Publiques* nó ag fondúireacht Bhord Teicneolaíochta na Danmhairge. Le linn an phlé sna meithleacha, thacaigh cúntóirí éascaithe leo, agus ba mhic léinn agus oiliúnaithe a bhí lonnaithe sa Bhruiséil a bhformhór. Chloígh na héascaitheoirí agus na cúntóirí uile leis na treoracha coitianta a cuireadh ar fáil i dtreoir maidir le héascú agus i ndoiciméad maidir le feidhmiú céimneach (ceann amháin in aghaidh an tseisiúin). Ghlac siad páirt in dhá chruinniú thiomnaithe faisnéise agus oiliúna roimh gach seisiún.

## 2.8. BREATHNÓIRÍ

Ceadaíodh do líon teoranta breathnóirí obair an Phainéil Saoránach sin a leanúint. Ba é an aidhm a bhí leis sin trédhearcacht agus infheictheacht a chur ar fáil don fhormáid dhaonlathach nuálach sin agus, ag an am céanna, spás sábháilte a chaomhnú do shaoránaigh rannpháirteacha, rud atá ríthábhachtach do thimpeallacht iontaofa díospóireachta. Ceadaíodh do bhreathnóirí a bheith i láthair agus an plé a leanúint sna seisiúin iomlánacha agus sna meithleacha. Ba é triúr an t-uaslíon breathnóirí a ceadaíodh do gach meitheal.

Tháinig breathnóirí inmheánacha freisin ó na comhpháirtithe agus na hinstitiúidí eagrúcháin (e.g., foireann inmheánach ó AS COMM, AS SANTE nó Ard-Stiúrthóireachtaí eile agus institiúidí an Aontais). I measc na mbreathnóirí seachtracha bhí taighdeoirí (ó ollscoileanna nó ó mheithleacha machnaimh), gníomhaithe na sochaí sibhialta agus páirtithe leasmhara eile. Le toiliú na saoránach lena mbaineann, d'fhéadfadh breathnóirí seachtracha agallaimh a dhéanamh leo chun críocha taighde amháin, mura gcuirfeadh sé bac ar imeachtaí na bpainéal.





# 3. Creat modheolaíochta agus seisiúin aonair

## 3.1. CREAT MODHEOLAÍOCHTA

Bhí trí sheisiún sa Phainéal Saoránach Eorpach um Chur Amú Bia a raibh spriocanna éagsúla acu:

- Sa chéad seisiún (ar an láthair sa Bhruiséil), cuireadh an tsaincheist i láthair na rannpháirtithe, bhí siad in ann aithne a chur ar a chéile agus braistint pobail agus muiníne a chothú i measc a chéile. Fuair siad ionchur saineolaithe tosaigh agus iarradh orthu ansin cuir chuige a bhailiú agus a chur in ord tosaíochta iad siúd a raibh gealladh fúthu maidir le dul i ngleic le fadhb an chur amú bia.
- Seisiún ar líne a bhí sa dara seisiún agus dhírigh sé ar thuiscint níos doimhne ar an tsaincheist. Ba é príomhchuspóir an tseisiúin malartú smaointe agus peirspictíochtaí a spreagadh i measc na rannpháirtithe, réimsí comhdhearcaidh agus easaontais a aithint, agus na chéad smaointe a cheapadh le haghaidh moltaí i dtrí bhloc ábhar ar leith.
- Bhí an tríú seisiún agus an seisiún deiridh (ar an láthair sa Bhruiséil) tiomanta do mhúnlú na moltaí bunaithe ar na smaointe agus na léargais a fuarthas sa chéad dá sheisiún, agus thacaigh tuairimí saineolaithe eile leis. Áirithíodh ag an tríú seisiún gur chuir an Painéal Saoránach moltaí nithiúla ar fáil ar féidir iad a thabhairt ar láimh don Choimisiún agus a roinnt leis na geallsealbhóirí ábhartha.

**Fíor 2: Sreabh modheolaíoch foriomlán sheisiúin an phainéil.**




Le linn sheisiúin an phainéil, bhí neart ama ann chun grúpaí a thógáil agus chun comhphlé a dhéanamh, le linn seisiúin iomlánacha agus obair ghrúpa araon. Dearadh struchtúr na seisiún chun idirghníomhaíocht i measc na rannpháirtithe a spreagadh agus chun a chinntiú gur éistíodh le gach tuairim. Ós rud é go raibh an Painéal Saoránach ar siúl i suíomh ilteangach, bhí saoránaigh in ann labhairt ina máthairtheanga i gcónaí agus éascaíodh é seo trí ateangaireacht. Cuireadh na meithleacha le chéile ar bhealach a d’fhág go raibh éagsúlacht gheografach leordhóthanach ann, le meascán de thíortha móra agus de thíortha beaga agus cúig theanga éagsúla ar a mhéad grúpáilte le chéile. Bhí an deis ag éascaitheoirí an plé a stiúradh ina dteanga dhúchais nó i mBéarla.

## 3.2. SEISIÚN 1: PRÓISEAS AGUS ASCHUIR

Tionóladh an chéad seisiún sa Bhruiséil idir an 16–18 Nollaig 2022. Ba é an sprioc a bhí aige smaointe a chruthú agus braislí cur chuige a fhorbairt ar cheap na saoránaigh gur mó a raibh gealladh fúthu le haghaidh tuilleadh plé sna seisiúin atá le teacht.

### Lá 1 (Dé hAoine, an 16 Nollaig 2022)

**Fíor 3: Fáiltíonn Leas-Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh Dubravka Šuica roimh na saoránaigh.**



Ar an gcéad lá, chuir na príomhmhodhnóirí agus ionadaithe ón gCoimisiún Eorpach fáilte roimh na saoránaigh: Leas-Uachtarán um Dhaonlathas agus um Dhéimeagrafaíocht **Dubravka Šuica** (an Coimisiún Eorpach), An Coimisinéir Eorpach um Shláinte agus Sábháilteacht Bia **Stella Kyriakides**, agus Ard-Stiúrthóir Ard-Stiúrthóireacht na Cumarsáide **Pia Ahrenkilde Hansen**. Léirigh siad an tábhacht a bhaineann leis an bPainéal Saoránach agus le ról an Aontais maidir le dul i ngleic le cur amú bia. Chuaigh na príomhmhodhnóirí trí chlár oibre sheisiún 1 chomh maith leis na chéad seisiúin eile leis na saoránaigh. Tar éis roinnt cluichí chun an comhrá a spreagadh, chuidigh suirbhé gearr ar líne le saoránaigh tabhairt faoi cheist an chur amú bia. D'fhonn na saoránaigh a ullmhú a thuilleadh don phlé a bhí le bheith ann, thug **Gaëtane Ricard-Nihoul**, Leas-Cheann Aonaid an Aonaid um Chomhphlé leis na Saoránaigh (AS COMM) sa Choimisiún Eorpach, achoimre ar chomhlachtaí an Aontais

Eorpaigh, agus ar an bpróiseas cinnteoireachta agus reachtach. Ina dhiaidh sin, chuir **Anne-Laure Gassin**, Ceann Foirne, cur amú bia (an tAonad Straitéise 'Ón bhFeirm go dtí an Forc', (AS SANTE) sa Choimisiún Eorpach, síos ar ábhar na dramhaíola bia go mion. Leathnaíodh an t-ábhar a thuilleadh trí **Gyula Kasza**, Comhordaitheoir an chláir náisiúnta chun cur amú bia a chosc san Ungáir, agus **Toine Timmermans**, Bainisteoir an chláir Biaslabhra Inbhuanaithe ag Ollscoil Wageningen ag díriú ar na ceisteanna 'céard é an dúshlán?' agus 'céard gur cheart dúinn a dhéanamh?'. Ina theannta sin, chuir painéal saineolaithe agus cleachtóirí éagsúla ón earnáil phoiblí agus ón earnáil phríobháideach (lena gcumhdaítear slabhra an tsoláthair bia, an pobal taighde agus eagraíochtaí neamhrialtasacha) peirspictíochtaí éagsúla i láthair maidir le cur amú bia a chosc. Trí shuirbhé ar líne, chuir saoránaigh ceisteanna isteach go leanúnach ar fhreagair saineolaithe sa IEF iad le linn an deireadh seachtaine. Le linn an chéad chruinniú den phainéal, d'ardaigh na saoránaigh níos mó ná 80 ceist — agus chuaigh roinnt mhaith díobh níos faide ná an cur amú bia agus dhírigh siad ar fheidhmiú na gcóras bia ar bhealach níos ginearálta.

## Lá 2 (Dé Sathairn, an 17 Nollaig 2022)

Ar an dara lá, roinneadh na saoránaigh agus d'oibrigh siad in 12 mheitheal chomhthreomhara, le hateangaireacht chomhuaineach agus éascaithe ag éascaitheoirí a bhfuil taithí acu. Chruthaigh na grúpaí an t-ábhar a chuir siad le chéile i scarbhileoga ilteangacha a bhí idirnasctha le grúpaí eile. Le linn na chéad choda den lá, rinneadh plé ar luachanna an Aontais, ar bhia agus ar chur amú bia i gcoitinne. Ina dhiaidh sin, dhírigh an plé ar réitigh fhéideartha agus ar smaointe le haghaidh cur amú bia a laghdú agus ar thosaíocht a thabhairt dóibh sin. Roghnaigh gach grúpa a gcuid smaointe agus a gcuid cur chuige is fearr chun cur amú bia a laghdú. Iarradh ansin ar shaoránaigh cineálacha cur chuige grúpaí eile a nascadh lena gcuid smaointe féin, rud a chuideodh leis an 60 smaoineamh agus cur chuige ar cuireadh iad in ord tosaíochta roimh ré a bhraisliú. Dáileadh ceann de na braislí a aithníodh roimhe sin ar gach grúpa agus iarradh orthu na braislí a lipéadú agus a phlé. Chomhlánaigh na rannpháirtithe na braislí le smaointe breise agus thug siad údar le tábhacht gach braisle. Ba é an sprioc a bhí ann braistint choiteann úinéireachta a thabhairt do shaoránaigh agus ligean do gach duine a chuid smaointe a chur leis an ábhar. Ag deireadh an lae, agus na braislí tugtha chun críche, aistríodh iad go huathoibríoch go teangacha oifigiúla uile an Aontais chun leagan díobh a chur ar fáil do shaoránaigh ina dteanga féin.



## Lá 3 (Dé Domhnaigh, an 18 Nollaig 2022)

### Fíor 4: Chuir saoránaigh na braislí in ord tosaíochta i 'bhFóram Oscailte'.




Ar an tríú lá, tugadh liosta braislí ina dteanga féin chuig gach rannpháirtí ag tús an tseisiúin iomlánaigh. Chuir cainteoirí ó gach meitheal na braislí agus a mbonn cirt i láthair. Iarradh ansin ar shaoránaigh tús áite a thabhairt do bhraislí thar a chéile i 'bhFóram Oscailte' ina raibh 10 bpóstaer ar ar taispeánadh na braislí agus na hainmneacha, mar a thug na meithleacha ar na braislí sin. Bhí cúig phointe an duine ag na saoránaigh, pointí a d'úsáid siad ansin chun na braislí ab fhearr leo a rátáil ar na póstaeir. Tar éis sos caife, tionóladh seisiún ceisteanna agus freagraí chun freagraí a thabhairt ar na ceisteanna oscailte agus na ceisteanna a tháinig aníos arís agus arís le linn an deiridh seachtaine chomh maith le ceisteanna gan choinne sa seisiún iomlánach. Ina dhiaidh sin, cuireadh rangú na mbraislí i láthair chomh maith le heolas don chéad seisiún eile. Thug an Ard-Stiúrthóireacht Cumarsáide **Richard Kühnel** (AS COMM) sa Choimisiún Eorpach ráiteas scoir agus d'fhág sé slán ag gach duine.

### Tábla 3: Clár oibre an chéad seisiúin

| Dé hAoine (an 16 Nollaig 2022) | SEISIÚN IOMLÁNACH |
|---|---|
| 14:00–14:15 | Fáilte ón gCoimisiún Eorpach (an Coimisinéir um Shláinte agus Sábháilteacht Bia, Stella Kyriakides, an tArd-Stiúrthóir Pia Ahrenkilde Hansen, agus teachtaireacht ón Leas-Uachtarán um Dhaonlathas agus um Dhéimeagrafaíocht, Dubravka Šuica). |
| 14:15–15:30 | Cén fáth a bhfuil muid anseo? Aithne a chur ar a chéile, ionchur maidir le hinstitiúidí agus reachtaíocht an Aontais, ról na saoránach sa phróiseas sin. |
| 15:30–16:00 | *Sos caife* |
| 16:00–18:00 | Céard atá i gceist leis sin? Réamhrá maidir leis an gcur amú bia agus an slabhra luacha, díospóireacht phainéil mhodhnaithe maidir le gníomhaíochtaí chun an cur amú bia a laghdú le geallsealbhóirí éagsúla, cúrsaí eagraíochtúla. |
| **Dé Sathairn (an 17 Nollaig 2022)** | **MEITHLEACHA** |
| 09:00–10:30 | Cé tú féin agus cad atá tábhachtach duit? Aithne a chur ar a chéile, luachanna pearsanta a phlé, nósanna (cur amú) bia a phlé |
| 10:30–11:00 | *Sos caife* |
| 11:00–13:00 | Conas is féidir linn an cur amú bia a laghdú agus cé na réitigh is tábhachtaí de réir cosúlachta? Cuir chuige agus gníomhaíochtaí éagsúla a phlé, smaointe a ghiniúint, ord tosaíochta a thabhairt do nithe áirithe |
| 13:15–14:15 | *Sos lóin* |
| 14:30–16:00 | Cé ná smaointe ó mheithleacha eile atá cosúil lenár smaointe féin? Cuir chuige a nascadh le cuir chuige na meithleacha eile (nascadh agus braisliú) |
| 16:00–16:30 | *Sos caife* |
| 16:30–18:00 | Conas is féidir linn smaointe den chineál céanna a lipéadú agus cén fáth a bhfuil tábhacht ag baint leo chun an cur amú bia a laghdú? Ag obair le braislí cur chuige agus iad a lipéadú (catagóiriú) |
| **Dé Domhnaigh (an 18 Nollaig 2022)** | **SEISIÚN IOMLÁNACH** |
| 09:00–10:45 | Cén toradh atá ar na meithleacha? Cur i láthair na mbraislí, Fóram Oscailte, tosaíocht a thabhairt do na braislí |
| 10:45–11:15 | *Sos caife* |
| 11:15–13:00 | Cad atá foghlamtha againn an deireadh seachtaine seo agus cad í an chéad chéim eile? Freagraí ar cheisteanna lárnacha, cur i láthair braislí tosaíochta, an t-aistriú chuig seisiún 2, aiseolas, ráitis scoir agus slán a fhágáil ó Richard Kühnel, Ard-Stiúrthóireacht na Cumarsáide |

## NA 10 mBRAISLE

Rinne an Fhoireann Díospóireachta torthaí na meithleacha a ghrúpáil ina 10 mbraisle, ag baint úsáid as focail agus smaointe na saoránach. Le linn an Fhóraim Oscailte tugadh tosaíocht do na braislí san ord seo a leanas:

1. Feirmeoirí áitiúla agus táirgeoirí beaga: réiteach inmharthana ar an gcur amú bia?;
2. Foghlaim agus múscailt feasachta;
3. 'Drochbhlas na dramhaíola': Feachtas in aghaidh an Chur Amú Bia;
4. Ná cuir bia amú, roinn é le daoine eile! / Ní sábháil go roinnt / Aontas dlúthpháirtíochta ar son rochtain chothrom ar bhia agus ar son an chur amú bia a laghdú;
5. Lipéadú: Daoine a chur ar an eolas maidir le cur amú a laghdú;
6. Méid sciartha agus úsáid fuílligh;
7. Tionscnaimh atá le glacadh ag ollmhargaí agus ag an slabhra dáilte chun tuairisciú maidir leis an gcur amú bia agus chun an cur amú bia a laghdú;
8. Cáilíocht agus cainníocht na faisnéise maidir le cur amú bia ar feadh an tslabhra luacha;
9. Dreasachtaí chun an cur amú bia corparáideach a laghdú;
10. Cumas na rannpháirtithe uile a ndéantar difear dóibh tionchar a imirt ar bheartas bia an Aontais.



## 3.3. SEISIÚN 2: PRÓISEAS AGUS ASCHUIR

Tionóladh an dara seisiún den phainéal ar líne idir 20–22 Eanáir 2023. Ba iad sprioc anna an tseisiúin seo go gcuirfeadh na saoránaigh leis na cineálacha cur chuige a ceapadh sa chéad seisiún agus na chéad smaointe nithiúla a dhréachtú maidir le moltaí na saoránach chun cur amú bia a laghdú. Tar éis próiseas atriallach 'athbhreithniú piaraí', rinne saoránaigh sa 12 mheitheal athbhreithniú ar obair a chéile agus chuir siad leis an obair sin, agus 24 smaoineamh maidir le cur amú bia a laghdú á gcur chun cinn acu. Ina dhiaidh sin, bhí siad sin mar bhonn d'fhorbairt mholtaí deiridh an phainéil le linn a thríú seisiún (críochnaitheach).

Chun struchtúr a chur ar obair an tseisiúin, chuir an Coiste Eolais na cineálacha cur chuige a bailíodh sa chéad seisiún i dtrí 'bhloc ábhair' (féach freisin Fíor 5):

- → bloc topaicí I: 'Comhar sa slabhra luacha bia: Ón bhfeirm go dtí an forc';
- → bloc topaicí II: 'Tionscnaimh gnó bia';
- → bloc topaicí III: 'Tacaíocht a thabhairt chun iompraíocht tomhaltóirí a athrú'.

### Lá 1 (Dé hAoine, an 20 Eanáir 2023)

Ar lá 1, chuir modhnóirí fáilte roimh shaoránaigh a spreag na rannpháirtithe a dtaithí a roinnt maidir lena ndearcthaí féin agus lena n-iompar féin maidir le cur amú bia ó Sheisiún 1 (le tacaíocht ó vótaí idirghníomhacha). Ansin chuaigh modhnóirí go hachomair trí chlár oibre Sheisiún 2 leis na saoránaigh, sular thug siad cead cainte do shaineolaithe chun cur i láthair ginearálta a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí an Aontais agus na mBallstát chun cur amú bia a chosc agus a laghdú. Ar an gcéad dul síos, thug **Anne-Laure Gassin** (AS um Shláinte agus Sábháilteacht Bia) an t-eolas is déanaí do na saoránaigh maidir le stádas phlean gníomhaíochta an Aontais maidir le cur amú bia. Chuir **Toine Timmermans** (Ollscoil agus Taighde Wageningen) cineálacha cur chuige i láthair chun dul i ngleic le cur amú bia ar an leibhéal náisiúnta agus an tábhacht a bhaineann le comhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha. Ansin, thug sraith saineolaithe agus cleachtóirí ionchur níos sonraí i dtrí phlé painéil measartha — ceann amháin in aghaidh an bhloic topaicí.

**Fíor 5: Conas a d'aistrigh an Coiste Eolais ó thorthaí dhá ghrúpa déag go trí bhloc topaicí idir Seisiún 1 agus Seisiún 2 (ar fáil i mBéarla amháin).**



## Lá 2 (Dé Sathairn, 21 Eanáir 2023)

Ar an dara lá, d'oibrigh saoránaigh in 12 mheitheal chomhthreomhara, le tacaíocht ó éascaitheoirí a bhfuil taithí acu agus le hateangaireacht chomhuaineach. Le linn an chéad chuid den lá, sannadh gach bloc topaicí do cheithre ghrúpa oibre ar iarradh orthu smaoineamh a cheapadh bunaithe ar ábhar a mbloc. Chuir na héascaitheoirí na smaointe le chéile i scarbhileoga ilteangacha a bhí idirnasctha le o siúd na ngrúpaí eile grúpaí eile. Sa dara babhta, sannadh na grúpaí ar bhloc ábhar difriúil. Iarradh orthu aiseolas a thabhairt ar smaoineamh a cheap grúpa eile agus a gcuid smaointe féin a mholadh maidir le topaicí an bhloic. Le linn an tríú babhta den lá, bhog grúpaí go dtí an bloc ábhair deireanach, áit ar tugadh dhá smaoineamh eile dóibh roimhe seo chun trácht a dhéanamh orthu. Ina theannta sin, d'fhéadfaidís rogha a dhéanamh idir smaoineamh nua a fhorbairt nó aiseolas breise a thabhairt do smaointe a ceapadh cheana féin ón dara babhta. I rith an lae, bhí saoránaigh in ann ceisteanna a chur isteach ar fhreagair saineolaithe sa IEF iad le linn an deireadh seachtaine.

### Fíor 6: Chlúdaigh an 12 Mheitheal gach ceann de na trí bhloc topaicí le linn Lá 2 (fíor ar fáil i mBéarla amháin)




## Lá 3 (Dé Domhnaigh, an 22 Eanáir 2023)

Ar an tríú lá, tháinig rannpháirtithe le chéile arís ina meithleacha don cheathrú babhta agus don bhabhta deiridh de phlé na ngrúpaí. Bhí dhá nó trí smaointe ag gach meitheal laistigh de bhloc topaic amháin, agus bhí siad i gceannas ar aiseolas comhtháite a fuarthas ar na smaointe ó ghrúpaí eile. Iarradh ar na grúpaí ansin a gcuid smaointe sannta a chomhdhlúthú. Ina dhiaidh sin, d'ainmnigh gach meitheal saoránach amháin chun smaointe comhdhlúite a ngrúpa maidir le moltaí a chur i láthair i suí iomlánach ar líne agus d'fhreagair sí tuilleadh ceisteanna a d'ardaigh na modhnóirí. Ag an deireadh, d'iarr na príomhmhodhnóirí ar shaoránaigh aiseolas a thabhairt ar an dara seisiún den phainéal agus thug siad forléargas ar an tríú seisiún.

Ba é toradh na meithleacha ná dréachtú 24 smaoineamh éagsúla a d'athrófaí ina dhiaidh sin ina moltaí deiridh le linn an tríú seisiúin agus an seisiúin dheireanaigh den phainéal.

## Tábla 4: Clár oibre an dara seisiún

| Dé hAoine (an 20 Eanáir 2023) | SEISIÚN IOMLÁNACH | | |
|---|---|---|---|
| 14.30–15.00 | Fáilte agus cur i láthair an chláir | | |
| 15.00–15.30 | Cuir i láthair ar ábhar idirdhisciplíneach | | |
| 15.30–15.40 | *Sos* | | |
| 15.40–16.35 | Plé painéil faoi stiúir ar bhloc topaicí I: 'Comhar sa slabhra luacha bia: Ón bhfeirm go dtí an forc' | | |
| 16.35–16.45 | *Sos* | | |
| 16.45–17.40 | Plé painéil faoi stiúir ar bhloc topaicí II: 'Tionscnaimh gnó bia' | | |
| 17.40–17.50 | *Sos* | | |
| 17.50–18.45 | Plé painéil faoi stiúir ar bhloc topaicí III: 'Tacaíocht a thabhairt chun iompraíocht tomhaltóirí a athrú' | | |
| 18.45–19.00 | Achoimre ar an gclár oibre do na laethanta atá le teacht | | |
| **Dé Sathairn (an 21 Eanáir 2023)** | **MEITHLEACHA** | | |
| 09.30–11.15 | Babhta 1: Smaointe a fhorbairt le haghaidh moltaí | | |
| | Meithleacha 1–4: Bloc topaicí II | Meithleacha 5–8: Bloc topaicí III | Meithleacha 9–12: Bloc topaicí I |
| 11.30–13.15 | *Sos* | | |
| 13.15–14.45 | Babhta 2: Aiseolas ar smaointe agus smaointe a fhorbairt le haghaidh moltaí | | |
| | Meithleacha 1–4: Bloc topaicí I | Meithleacha 5–8: Bloc topaicí II | Meithleacha 9–12: Bloc topaicí III |
| 16.00–16.15 | *Sos lóin* | | |
| 16.15–17.30 | Babhta 3, cuid 1: Aiseolas ar smaointe agus smaointe a fhorbairt le haghaidh moltaí | | |
| | Meithleacha 1–4: Bloc topaicí III | Meithleacha 5–8: Bloc topaicí I | Meithleacha 9–12: Bloc topaicí II |
| 16:00–16:15 | *Sos* | | |
| 16:15–17:30 | Babhta 3, cuid 2: Aiseolas ar smaointe agus smaointe a fhorbairt le haghaidh moltaí | | |
| | Meithleacha 1–4: Bloc topaicí III | Meithleacha 5–8: Bloc topaicí I | Meithleacha 9–12: Bloc topaicí II |
| **Dé Domhnaigh (an 22 Eanáir 2023)** | **SUÍOMH MEASCTHA** | | |
| 09.30–11.30 | Meithleacha<br>Babhta 4: Comhdhlúthú smaointe le haghaidh moltaí | | |
| | Meithleacha 1–4: Bloc topaicí II | Meithleacha 5–8: Bloc topaicí III | Meithleacha 9–12: Bloc topaicí I |
| 11.30–12.00 | *Sos* | | |
| 12.00–14.00 | Seisiún Iomlánach<br>Cuir i láthair smaointe agus an t-aistriú go dtí Seisiún 3 | | |

## 3.4. SEISIÚN 3: PRÓISEAS AGUS ASCHUIR

Le linn an tríú seisiún ar an 10–12 Feabhra 2023, bhailchríochnaigh na saoránaigh a gcuid moltaí. Agus iad tagtha le chéile ar aon láthair sa Bhruiséil, phléigh siad i sna 12 mheitheal an t-aiseolas agus an t-ionchur a thug na saineolaithe agus na daoine acmhainne ó chúlraí éagsúla roimh dóibh na moltaí a bhailchríochnú. I nós imeachta vótála deiridh, chuir gach saoránach in iúl gur aontaigh siad nó nár aontaigh siad le gach ceann de na moltaí.

### Lá 1 (Dé hAoine, an 10 Feabhra 2023)

**Fíor 7: Saoránaigh ag plé sa seisiún iomlánach**



Bhí an chéad lá den seisiún deiridh seo dírithe ar aiseolas a fháil agus a phlé maidir leis na smaointe le haghaidh moltaí a dréachtaíodh i seisiún 2. I seisiún iomlánach, thug cainteoirí ar saineolaithe iad ó chúlraí éagsúla (féach an liosta thíos i roinn 2.5) a dtuairimí foriomlána agus a gcuid léargas ar na smaointe a mhol na saoránaigh. Óna bpeirspictíocht shonrach, leag siad béim ar an áit inar chonaic siad bearnaí nó deiseanna chun feabhas a chur ar smaointe na saoránach maidir leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu ar chur amú bia a chosc. Ina dhiaidh sin, bhí deis ag saoránaigh plé a dhéanamh le saineolaithe maidir le conas a gcuid smaointe a fhorbairt a thuilleadh i dtrí sheisiún iomlánacha chomhthreomhara, agus aghaidh á tabhairt i ngach seisiún ar bhloc topaicí ar leith. Sna seisiúin sin, bhuail ceithre mheitheal, ina raibh suas le 50 saoránach, le triúr saineolaithe (féach na liostaí i roinn 2.5) agus phléigh siad conas a gcuid smaointe a fhorbairt a thuilleadh.

## Lá 2 (Dé Sathairn, 11 Feabhra 2023)

Bunaithe ar a gcuid smaointe bunaidh, an t-ionchur agus an t-aiseolas a fuarthas le linn na seisiún iomlánach chomh maith leis na pléití i ndiaidh na seisiún sin, d'fhill saoránaigh ar an 12 mheitheal chun a moltaí a dhréachtú, a fhorbairt, agus a thabhairt chun críche. Le linn an phróisis sin, shainaithin siad príomhcheisteanna agus faisnéis a bhí in easnamh sa chaoi gur cuireadh bac ar fhoirmliú moltaí a bheadh cuimsitheach ach beacht. Chun na ceisteanna sin a fhreagairt agus chun teacht timpeall ar dhúsháinn a d'fhéadfadh a bheith ann, ghlac roinnt saineolaithe agus comhaltaí den Ionad Eolais agus Faisnéise páirt sa phlé le haghaidh dreasanna beaga cainte, sular chuir saoránaigh bailchríoch ar a gcuid moltaí, agus thacaigh éascaitheoirí a bhfuil taithí acu leo teacht ar chomhdhearcadh.

## Lá 3 (Dé Domhnaigh, an 12 Feabhra 2023)

### Fíor 8: Chaith saoránaigh a gcuid vótaí ar na moltaí uile ag baint úsáide as páipéir bhallóide



Sa seisiún iomlánach críochnaitheach, chuir ionadaithe an 12 mheitheal a moltaí féin faoi seach faoi bhráid an phainéil iomláin. Tar éis na moltaí uile a chur in iúldo gach bloc topaice, iarradh ar shaoránaigh vótáil 'i bhfabhar' nó 'in aghaidh' i bpróiseas vótála rúnda trí úsáid a bhaint as ballóidí. Ba rogha é staonadh ó vótáil freisin. Ba é an cuspóir a bhí leis sin an leibhéal comhdhearcaidh maidir leis na moltaí i measc an Phainéil ar fad a fhíorú agus cé chomh láidir agus a tacaíodh leo (is féidir teacht ar na torthaí beachta vótála i dTábla 6). Ar deireadh, **Colin Scicluna**, Ceann Aireachta an Leas-Uachtaráin um Dhaonlathas agus um Dhéimeagrafaíocht, an Coimisiún Eorpach, **Sandra Gallina**, Ard-Stiúrthóir AS SANTE, agus **Pia Ahrenkilde Hansen**, Ard-Stiúrthóir AS COMM, chuir siad a mbuíochas in iúl agus chuir focal scoir leis an bpainéal.







### Tábla 5: Clár oibre an tríú seisiún:

| Dé hAoine (an 10 Feabhra 2023) | SEISIÚN IOMLÁNACH |
|---|---|
| 14.00–14.30 | Fáilte agus cur i láthair an chláir |
| 14.30–15.30 | Ionchuir ar thopaicí idirdhisciplíneacha agus sprioc na moltaí |
| 15.30–16.00 | *Sos caife* |
| 16.00–18.00 | Trí fho-seisiún iomlánacha<br>Meithleacha 1–4: Bloc topaicí II ‘Tionscnaimh gnó bia’<br>Meithleacha 5–8: Bloc topaicí III ‘Tacaíocht a thabhairt chun iompraíocht tomhaltóirí a athrú’<br>Meithleacha 9–12: Bloc topaicí I ‘Comhar sa slabhra luacha bia: Ón bhfeirm go dtí an forc’ |
| **Dé Sathairn (11/02)** | **MEITHLEACHA** |
| 09.00–10.30 | Plé ar smaoineamh 1 agus dréachtú mholadh 1 |
| 10.30–11.00 | *Sos caife* |
| 11.00–12.30 | Plé ar smaoineamh 2 agus dréachtú mholadh 2 |
| 12.30–14.00 | *Sos lóin* |
| 14.00–15.30 | Ionchur na saineolaithe maidir le dréachtmholtaí 1 agus 2 |
| 15.30–16.00 | *Sos caife* |
| 16.00–17.30 | Bailchríochnú mholtaí 1 agus 2 |
| **Dé Domhnaigh an 12 Feabhra 2023** | **SEISIÚN IOMLÁNACH** |
| 09.00–09.15 | Fáilte ar ais |
| 09.15–09.50 | Cur i láthair moltaí maidir le bloc topaicí I agus vótáil |
| 09.50–10.25 | Cur i láthair moltaí maidir le bloc topaicí II agus vótáil |
| 10.25–11.00 | Cur i láthair moltaí maidir le bloc topaicí III agus vótáil |
| 11.00–11.30 | *Sos caife* |
| 11.30–11.45 | Grianghraf den ghrúpa |
| 11.45–12.15 | Cur i láthair na dtorthaí |
| 12.15–12.45 | Ócáidí searmanais agus óráidí oifigiúla ó institiúidí an Aontais |
| 12.45–13.00 | Slán a fhágáil ag a chéile |

Ba iad na torthaí a bhí ar an seisiún ná 23 mholadh, a fuair leibhéil éagsúla tacaíochta le linn na vótála deiridh an lá deireanach. Léirítear i dtábla 6 na moltaí a sórtáladh san ord inar cuireadh i láthair iad sa seisiún iomlánach. Is féidir teacht ar na moltaí iomlána, lena n-áirítear an teideal, an téacs iomlán, an bonn cirt agus na sonraí breise san iarscríbhinn.

## Tábla 6 : Moltaí

| Uimh. | TEIDEAL AN MHOLTA | I bhfabhar | Ina aghaidh | Staonadh ó vótáil |
|---|---|---|---|---|
| 1 | Dá chóngaraí don fheirmeoir dá mbíonn an tomhaltóir, is ea is sona a bhíonn sé: Níos lú dramhaíola, tuilleadh inbhuanaitheachta | 120 | 15 | 5 |
| 2 | Blasanna an bhaile: Tacaíocht phoiblí agus phríobháideach don fheirmeoireacht áitiúil chun cur amú bia a laghdú | 119 | 9 | 12 |
| 3 | Ná cuir bia amú, roinn é le daoine eile! | 93 | 31 | 16 |
| 4 | Sonraí agus dea-chleachtais a chomhroinnt ar fud na hEorpa | 97 | 27 | 16 |
| 5 | Sonraí a bhailiú ar fud an tslabhra soláthair bia | 101 | 28 | 11 |
| 6 | Tá tábhacht le guthanna na saoránach: Rannpháirtíocht na saoránach i mbeartas bia na hEorpa | 91 | 37 | 12 |
| 7 | Díreach bainte: Luach an bhia shéasúraigh | 103 | 26 | 11 |
| 8 | Líonra malartaithe bia uile-Aontais | 84 | 41 | 14 |
| 9 | Ceannacháin bheartaithe agus athdháileadh | 85 | 38 | 16 |
| 10 | Seasann bialanna don choincheap ‘taitneamh a bhaint as bia gan é a chur amú’ | 113 | 17 | 9 |
| 11 | Bíonn drochiarmhairt ag gach rud a chuirtear amú | 73 | 48 | 18 |
| 12 | Córas tuairiscithe éigeantaigh le haghaidh trédhearcachta mar aon le pionóis agus luaíochtaí | 68 | 56 | 15 |
| 13 | Reachtaíocht uile-Aontais maidir le táirgí bia nár díoladh a scriosadh — cur chuige piarfhoghlama ar fud na mBallstát | 109 | 20 | 10 |
| 14 | Trédhearcacht maidir le cur amú bia ar mhaithe le hinfheictheacht agus gníomhaíocht | 102 | 22 | 15 |
| 15 | Nuálaíocht ó thaobh pacáistiú agus úsáid pacáistíochta nuair is gá | 116 | 18 | 5 |
| 16 | An sainmhíniú ar chur amú bia a leathnú chun bia gan bhuaint a shábháil | 110 | 19 | 10 |
| 17 | Daoine fásta a spreagadh chun gur tosaíocht acu beart a dhéanamh maidir le cur amú bia | 113 | 20 | 6 |
| 18 | Feasacht maidir le cúrsaí cothaithe agus bia inbhuanaithe i mbunscoileanna agus i meánscoileanna | 123 | 9 | 7 |
| 19 | Feidhmchláir comhroinnte bia agus ardáin a nascann tomhaltóirí le chéile a chur chun cinn agus tacú leo | 97 | 25 | 17 |
| 20 | Sábháil bia, sábháil airgead: Feachtas Eorpach i gcoinne an chur amú bia i gcomhar le miondíoltóirí bia ar cheithre dheireadh seachtaine sa bhliain | 98 | 31 | 10 |
| 21 | ‘Deireadh a chur leis an gcur amú bia’: Seachtain d’fheasacht i leith an chur amú bia ar scoil | 116 | 16 | 7 |
| 22 | Chun go mbeidh tomhaltóirí ar an eolas agus neamhspleách ó thaobh an tionchar a bhíonn acu ar an gcur amú bia agus chun tuiscint a fháil ar conas táirge a phróiseáil, a chaomhnú agus a athúsáid roimh an dáta agus ina dhiaidh sin.<br>(is dáta sábháilteachta é an ‘dáta éagtha’ nár cheart táirge a ithe ina dhiaidh; léiríonn an ‘dáta ar fearr roimhe’ an dáta ar roimhe is fearr a bheidh caighdeán an táirge) | 108 | 26 | 5 |
| 23 | Cleachtais chaighdeánaithe a chur chun feidhme ar an leibhéal miondíola agus táirgí á gcur chun cinn do thomhaltóirí gar don dáta dulta ó mhaith. | 109 | 18 | 12 |




Roinn na saoránaigh aiseolas maidir lena dtaithí sa Phainéal Saoránach Eorpach i suirbhé aiseolais. Ní raibh ach 4 % de na saoránaigh tar éis páirt a ghlacadh i bpróiseas rannpháirtíochta roimhe seo. Óna bpeirspictíocht féin, d'éirigh leis an bPainéal. Chreid 83 % de shaoránaigh go ndearna an Painéal 'go hiomlán' (34 %) nó 'beagán' (49 %) ionadaíocht ar an tsochaí ar fad, cé gur luaigh roinnt daoine go raibh roinnt grúpaí faoi mhíbhuntáiste in easnamh. Nuair a iarradh orthu a dtaithí fhoriomlán a mheas, bhí 97 % de na rannpháirtithe 'sásta go hiomlán' (66 %) nó 'ábhairín sásta' (31 %) leis an bPainéal Saoránach. Leis na tromlaigh mhóra chéanna, thuairiscigh saoránaigh go bhfuil méadú tagtha ar an eolas atá acu faoi chur amú bia (96 %), go bhfuil athrú tagtha ar a dtuairim i leith cur amú bia (77 %) agus go bhfuil a dtuairim ar an Aontas Eorpach tar éis éirí níos dearfaí (64 %).

> 'B'iontach an rud é a bheith in ann oibriú i gcomhar le daoine as gach cearn den Aontas Eorpach agus a fheiceáil go raibh suim ag an tromlach mór díobh agus go bhfuil siad ag iarraidh an bealach ceart a aimsiú chun an staid a bhaineann leis an gcur amú bia a fheabhsú.'
>
> *Lucie, 40, an tSeicia*


European Citizens Panel
food waste
Have Your Say






# 4. Na chéad chéimeanna eile

Leis na 23 mholadh a chuir na saoránaigh chun cinn, glactar **cur chuige sistéamach leathan** i gcoitinne agus tugtar aghaidh ar chur amú bia a chosc laistigh d'fheidhmiú na gcóras bia i gcoitinne. Comhcheanglaíonn moltaí na saoránach laghdú níos ginearálta ar chur amú bia le slabhra soláthair bia atá cóir agus cothrom lena n-áirithítear dlúthpháirtíocht (e.g., cothromaíocht na cumhachta idir gníomhaithe i slabhra an tsoláthair bia a mheas agus aghaidh a thabhairt ar chleachtais éagóracha trádála a bhféadfadh cur amú bia a bheith mar thoradh orthu; tacaíocht a thabhairt do tháirgeoirí áitiúla etc.). I bhfianaise na ndúshlán atá ag dul i méid don tslándáil bia, molann siad sásraí chun athdháileadh farasbairr bia orthu siúd atá i ngátar a éascú agus iarrann siad go leathnófaí an sainmhíniú ar chur amú bia chun bia a fhágtar gan bhuaint a chur san áireamh agus chun glanadh a spreagadh. Ón tús, dhírigh saoránaigh ar an ngá atá le rannpháirtíocht na ngníomhaithe uile agus comhar a neartú ar fud shlabhra an tsoláthair bia. Léirítear an **cur chuige iomlánaíoch** sin freisin sna trí thopaic a dtugtar aghaidh orthu sna moltaí ó na saoránaigh: 1) Comhar sa slabhra luacha bia: ón bhfeirm go dtí an forc; 2) Tionscnaimh ghnó bia agus 3) Tacú le hathrú iompraíochta na dtomhaltóirí.

Athdhearbhaítear leis na moltaí an gá atá le **cur chuige fianaise-bhunaithe** chun cosc éifeachtach ar chur amú bia ag gach páirtí a threorú, agus béim á leagan ar a thábhachtaí atá sé monatóireacht a dhéanamh. Aithníonn siad freisin an gá go leagfadh an tAontas **sprioc uileghabhálach** síos chun an cur amú bia a laghdú, agus bearta á ndéanamh ag na Ballstáit chun a chinntiú go mbainfear an sprioc sin amach. Is feiceálach **ról an oideachais** maidir le bia agus, go háirithe, an cur amú bia, agus is é sin a fhaigheann an leibhéal is airde tacaíochta ó shaoránaigh. Tugann sé sin teachtaireacht láidir do na Ballstáit maidir leis an tábhacht a bhaineann le hoideachas bia a chomhtháthú i gcuraclaim scoile chun cabhrú le tuiscint agus tuiscint a chothú ar luach an bhia ó aois óg.

Léiríonn roinnt moltaí **obair leantach** an Choimisiúin Eorpaigh leis na Ballstáit agus le páirtithe leasmhara chun cur amú bia a chomhrac ar fud an Aontais. Mar shampla, tá an Coimisiún ag plé cheana féin le gníomhaithe ábhartha chun dea-chleachtais maidir le cosc ar chur amú bia a chomhroinnt trí Ardán an Aontais maidir le Caillteanais Bia agus Cur Amú Bia (6), a bunaíodh in 2016, agus spreagann sé gealltanais ó ghnólachtaí bia trí Chód Iompair an Aontais maidir le Cleachtais Fhreagracha Ghnó agus Margaíochta Bia (7), a ghlac páirtithe leasmhara in 2021. Is cuid thábhachtach d'obair an Choimisiúin é dul i ngleic le cur amú bia do thomhaltóirí, bíodh sin trí thionscadail thiomnaithe (e.g., d'fhoilsigh an Fóram Eorpach um Chur Amú Bia do Thomhaltóirí coimre 'dea-chleachtais' (8) lena n-áirítear réitigh, uirlisí agus moltaí chun cur amú bia tomhaltóirí a laghdú), taighde agus nuálaíocht (9) nó deontais (10) chun tacú le páirtithe leasmhara gníomhú. Le treoirlínte AE chun deonú bia (11) a éascú, is féidir tacú leis na Ballstáit cuir chuige chomhchuibhithe a chur chun feidhme, mar a mhol na saoránaigh den Aontas Eorpach.

Ag an am céanna, léirítear sna moltaí ó na saoránaigh freisin **pointí le tuilleadh machnaimh a dhéanamh orthu**, mar shampla, bearta a dhéanamh chun cosc a chur ar fharasbarr bia sábháilte a scriosadh. Cé go léirítear cheana féin é in ord na réiteach dramhaíola (arna chumhdach sa reachtaíocht dramhaíola Eorpach (12), d'fhéadfaí tuilleadh machnaimh a dhéanamh ar an bprionsabal sin in obair an Choimisiúin chun córais bhia inbhuanaithe a bhunú chun a chinntiú go n-úsáidtear tuilleadh bia a tháirgtear do thomhaltas an duine. Ina theannta sin, nochtar sna moltaí freisin **réimsí áirithe ina bhféadfaí gníomhaíocht a dhéanamh amach anseo** ó thaobh an Choimisiúin, na mBallstát agus páirtithe eile, mar shampla, an gá atá le feabhas a chur ar fhor-rochtain agus ar rannpháirtíocht le saoránaigh ar fud an Aontais: mar shampla, níl a fhios ag mórán daoine faoi Lá Idirnáisiúnta Feasachta na Náisiún Aontaithe maidir le Cailleadh agus Dramhaíl Bia (13); d'fhoghlaim roinnt

(6) https://food.ec.europa.eu/safety/food-waste/eu-actions-against-food-waste/eu-platform-food-losses-and-food-waste_en.

(7) https://food.ec.europa.eu/horizontal-topics/farm-fork-strategy/sustainable-food-processing/code-conduct_en.

(8) https://publications.jrc.ec.europa.eu/repository/handle/JRC133004.

(9) Féach, mar shampla, tionscadal CHORIZO.

(10) https://ec.europa.eu/food/safety/food_waste/eu-food-loss-waste-prevention-hub/new/show/4956.

(11) IO C 361, 25.10.2017, lgh. 1-29.

(12) Treoir (AE) 2018/851.

(13) https://food.ec.europa.eu/safety/food-waste/international-day-awareness-food-loss-and-waste_en.



saoránach faoi cheist an chur amú bia ach amháin nuair a iarrtar orthu páirt a ghlacadh sa phainéal; easpa feasachta ar obair leanúnach i mBallstáit faoi seach na saoránach etc. Leanfaidh an Coimisiún de bheith ag obair leis na Ballstáit agus le páirtithe leasmhara chun feasacht a fhorbairt tuilleadh agus chun tacú le hathrú iompraíochta a mhéid a bhaineann leis an gcur amú bia.

Maidir le ceapadh beartas an Choimisiúin Eorpaigh, **tacóidh toradh an phainéil saoránach** le hobair uileghabhálach an Choimisiúin **maidir leis an gcur amú bia agus beidh sé ina threoir chun cuidiú leis na Ballstáit na spriocanna amach anseo a bhaint amach**. Cuireann na moltaí leis an measúnú tionchair agus leis an gcomhairliúchán poiblí a rinne an Coimisiún chun tacú le spriocanna an Aontais a leagan síos chun cur amú bia a laghdú agus rinneadh iad a mheas agus an togra reachtach á ullmhú, a ghlac an Coimisiún an 5 Iúil 2023. Mar chuid d'athbhreithniú spriocdhírithe ar an Treoir Réime Dramhaíola ([14]), mhol an Coimisiún go leagfaí síos spriocanna chun cur amú bia a laghdú a bheidh le baint amach ag na Ballstáit faoi 2030 chun dlús a chur le rannchuidiú an Aontais le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe. Foilsíodh 'Tuarascáil na Saoránach' atá níos giorra ar obair na saoránach in éineacht leis an togra reachtach freisin. Anois, beidh rath an Phainéil Saoránach ag brath ar a mhéid a bheidh na Ballstáit in ann moltaí na saoránach a mheas agus a thiontú ina mbearta agus ina ngníomhaíochtaí nithiúla beartais, de réir mar is iomchuí agus i gcás inarb iomchuí.

Déanfar moltaí phainéal na Saoránach a roinnt agus a phlé le hArdán an Aontais Eorpaigh maidir le Caillteanas Bia agus Cur Amú Bia, agus tabharfar na Ballstáit agus na páirtithe leasmhara le chéile ionas gur féidir leo cuimhneamh a dhéanamh ar na moltaí sin ina gcláir um an gcur amú bia a chosc. Coinneofar na saoránaigh ar an eolas faoi phríomhfhorbairtí an Aontais maidir leis an gcur amú bia a chosc, cuir i gcás an togra reachtach a ghlacadh.

([14]) COM(2023) 420 final.



# Iarscríbhinn: Moltaí deiridh

# BLOC TOPAICÍ I – COMHAR SA SLABHRA LUACHA BIA: ÓN BHFEIRM GO DTÍ AN FORC

## MOLADH 1

**Dá chóngaraí don fheirmeoir dá mbíonn an tomhaltóir, is ea is sona a bhíonn sé: Níos lú dramhaíola, tuilleadh inbhuanaitheachta**

Molaimid go leanfaidh an tAontas leis an obair a dhéanann sé maidir le beartais agus tionscnaimh a thugann tacaíocht do tháirgeoirí ar scála beag agus iad ag trádáil le miondíoltóirí agus ollmhargaí. Tá buntáiste cumhachta shoiléir ag miondíoltóirí/próiseálaithe móra sa ghaolmhaireacht sin, agus go minic treoraíonn siad an trádáil chun buntáiste a thabhairt dóibh féin, rud as a dtagann cur amú bia uaireanta.

Ní mór aird shonrach a thabhairt do na trí ghné a leanas:

1. Ba cheart don Aontas Eorpach agus a Bhallstáit miondíoltóirí agus ollmhargaí a spreagadh chun táirgí a fháil i gcónaí ón dtáirgeoir is cóngaraí is féidir. Thairis sin, ba cheart dóibh fiosrú agus forbairt a dhéanamh maidir le dreasachtaí a spreagann miondíoltóirí cloí leis na moltaí sin;
2. Is gá don Aontas faireachán a dhéanamh ar an gcosc ar chealuithe a dhéantar ag an nóiméad deiridh ó 2019 agus a bheith réidh chun idirghabháil a dhéanamh mura gcloítear leis sin;
3. Is gá don Aontas Eorpach leanúint ar aghaidh ag obair ar bheartais maidir le bia míofar/míchumtha agus imscrúdú breise a dhéanamh ar na hiarmhairtí i ndáil le cur amú bia nuair nach nglactar le táirgí den sórt sin.

### Réasúnaíocht/réasúnú

Ag tabhairt tacaíochta do tháirgeoirí ar scála beag agus dá ndíolacháin, tá féidearthacht ard ag baint leo sin chun cur amú bia a laghdú ar bhealaí éagsúla, feadh an luachshlabhra agus i dteaghlaigh:

- → Nuair atá iompar bia fada agus nuair a dhéanann ollmhargaí iarracht a bheith éifeachtúil ó thaobh costais de trí mhéideanna a mhéadú, is é is dóichí a tharlaíonn cur amú bia;
- → Is féidir le táirgeoirí áitiúla a bheith níos inoiriúnaithe agus freagairt níos tapa d’athruithe ar éileamh, lena bhféadtar cur amú bia a laghdú;
- → Go minic, bíonn an bia ó tháirgeoirí in aice láimhe ar cháilíocht níos airde agus bíonn sé níos marthanaí, agus d’fhéadfadh sé go gcuirfí níos lú bia amú dá bharr;
- → Bia a dhiúscairt mar gheall ar a chruth mícheart, is féidir é sin a sheachaint;
- → Is féidir cur amú bia a tharlaíonn mar gheall ar chealuithe ag an nóiméad deiridh a sheachaint má chuirtear i bhfeidhm rialacháin agus creataí níos cuimsithí a thacaíonn le táirgeoirí beaga.

### Nótaí breise

Tionchar dearfach ar shlándáil bia agus sláinte.

Béim a chur ar an tábhacht a bhaineann leis an moladh seo a cheangal le tionscnaimh eile a dhíríonn ar iompraíocht tomhaltóirí, ar fheasacht an phobail, agus ar an oideachas chun an comhar idir páirtithe leasmhara a neartú agus feabhas a chur ar an tuiscint ghinearálta ar chur amú bia agus a ghaolmhaireacht le táirgeadh bia áitiúil.

Dúshláin:

- → Comhbhabhtáil idir prionsabal an Aontais maidir le saorthrádáil agus an margadh saor, dá bhrí sin is féidir le corparáidí/miondíoltóirí móra agus grúpaí stocaireachta cur ina choinne sin;
- → Tá sé tábhachtach machnamh agus plé a dhéanamh ar céard is brí leis na téarmaí ‘áitiúil’ agus ‘slabhra soláthair gairid’ agus obair bhreise á déanamh maidir leis an moladh seo, ós rud é nach ann do shainmhíniú coiteann ar seo ar leibhéal an Aontais Eorpaigh;
- → Is féidir le séasúracht táirgí agus éileamh tomhaltóirí dúshlán a thabhairt do sholáthar a d’fhéadfadh a bheith teoranta mar gheall ar bhéim ar bhia a thagann ó shlabhra bia gairid.

**MOLADH 2**

## Blasanna an bhaile: Tacaíocht phoiblí agus phríobháideach don fheirmeoireacht áitiúil chun cur amú bia a laghdú

Molaimid d'údaráis áitiúla agus réigiúnacha tacaíocht a thabhairt d'fheirmeoirí áitiúla trí réitigh phraiticiúla agus tionscnaimh lena ndírítear ar an gcur amú bia a laghdú. Is é is sprioc dó páirtithe leasmhara a spreagadh dul i gcomhar níos dlúithe chun na tionscnaimh seo a chur ar aghaidh agus dá réir sin córas bia inbhuanaithe a chruthú a théann chun tairbhe feirmeoirí agus tomhaltóirí araon.

Moltar roinnt tionscnamh do na húdaráis áitiúla:

1. Faoiseamh cánach agus fóirdheontais d'fheirmeoirí ar scála beag;
2. Tacaíocht a thabhairt d'fheirmeoirí áitiúla chun margaí nua a aimsiú ina bhféadfadh siad a bheith cosanta ó chaidreamh cumhachta míchothrom, mar shampla trí spásanna poiblí a chur i leataobh le haghaidh díolachán;
3. Próisis agus tionscnaimh ionchuimsitheacha a spreagadh le páirtithe leasmhara an tslabhra luacha maidir leis an obair i ndáil le cur amú bia, mar shampla trí úsáid 'aipeanna um chur amú bia' a chur chun cinn sa chathair;
4. Tacaíocht a thabhairt do chomhlachais agus gníomhaithe eile atá ag tabhairt tacaíochta d'fheirmeoirí áitiúla maidir le saincheisteanna a bhaineann le cur amú bia, amhail bainc bhia.

### Réasúnaíocht/réasúnú

Ag tabhairt tacaíochta do tháirgeoirí ar scála beag agus don fhéidearthacht ard atá ag baint lena ndíolacháin atá an-ghar dóibh chun cur amú bia a laghdú ar bhealaí éagsúla, feadh an luachshlabhra agus i dteaghlaigh araon:

- → Nuair atá iompar bia fada agus nuair a dhéanann ollmhargaí iarracht a bheith éifeachtúil ó thaobh costais de trí mhéideanna a mhéadú, is é is dóichí a tharlaíonn cur amú bia;
- → Is féidir le táirgeoirí áitiúla freagairt níos gasta d'athruithe ar an éileamh, a bheith níos inoiriúnaithe i leith athruithe, rud lena bhféadfar dramhaíl a laghdú;
- → Go minic, bíonn bia ó tháirgeoirí áitiúla ar cháilíocht níos airde agus níos marthanaí, a chiallaíonn go bhféadfaí dramhaíl a laghdú ar leibhéal an iompair agus ar leibhéal an teaghlaigh tríd an slabhra luacha a ghiorrú.

### Nótaí breise

Béim a chur ar an tábhacht a bhaineann leis an moladh seo a cheangal le tionscnaimh eile a dhíríonn ar iompraíocht tomhaltóirí, ar fheasacht an phobail, agus ar an oideachas chun an comhar idir páirtithe leasmhara a neartú agus feabhas a chur ar an tuiscint ghinearálta ar chur amú bia agus a ghaolmhaireacht le táirgeadh bia áitiúil.

Na príomhdhúshláin:

- → Raon feidhme leathan agus castacht an mholta. Tógfaidh sé am chun anailís a dhéanamh ar roinnt mhaith de na tionscnaimh a moladh agus chun iad a chur chun feidhme, agus beidh córais faireacháin stóinseach ag teastáil ina leith sin;
- → Comhbhabhtáil idir prionsabal an Aontais maidir le saorthrádáil agus an margadh saor, rud lena bhféadfadh dúshlán a thabhairt don tionscnamh agus dá ghlacadh ó na páirtithe leasmhara éagsúla.

## MOLADH 3

### Ná cuir bia amú, roinn é le daoine eile!

Molaimid gur cheart tacaíocht airgeadais a thabhairt do bhainc bhia, agus d'athdháileoirí go ginearálta, ó rialtais ar leibhéal bunúsach trí scéim struchtúrtha atá ar fáil ar fud na hEorpa, seachas a bheith ag obair go príomha as síntiúis (ach gan cistiú 100 % a fháil, ionas nach n-iompódh sé ina ghnólacht). Molaimid freisin go mbeadh ardán ann a nascann na haipeanna éagsúla atá ann cheana chun miondíoltóirí a nascadh le bainc bhia. Ba cheart an t-ardán seo a bheith soláimhsithe, éifeachtúil, agus ba cheart go mbainisteofaí go lárnach é. Molaimid freisin go dtabharfar amach an bia a athdháileadh (arna dheonú nó arna dhíol ag praghas níos ísle) ó mhiondíoltóirí go bainc bhia go tráthúil agus i staid mhaith, 3–5 lá más féidir sula n-imíonn sé as dáta (in ionad na treoirlíne atá ann faoi láthair de 48 n-uair an chloig). D'fhéadfaí asbhaint chánach a thabhairt isteach do mhiondíoltóirí mar dhreasacht, rud a laghdófar de réir mar a imíonn an t-athdháileadh níos giorra do dháta dulta ó mhaith na n-earraí. Ní mór dóibh méid íosta bia a dheonú chun a bheith incháilithe don asbhaint seo.

#### Réasúnaíocht/réasúnú

Ós rud é nach bhféadtar cur amú bia a sheachaint ina iomláine sa chóras atá ann faoi láthair, ba cheart dúinn obair a dhéanamh chun bia atá á chur amú a shábháil ar a laghad. Sa chomhthéacs seo, ba cheart dúinn na huirlisí uile atá ar fáil cheana féin a úsáid (bainc bia, aipeanna, comhlachais ábhartha, tionscnaimh, etc.).

#### Nótaí breise

Dúshlán amháin atá ann ná acmhainneacht na mbanc bia a neartú gan iad a iompú ina ngnólachtaí (ós rud é gurbh fhearr linn cur amú bia a bhainistiú go réamhtheachtach).

## MOLADH 4

### Sonraí agus dea-chleachtais a chomhroinnt ar fud na hEorpa

Molaimid go roinnfidh rialtais i ngach tír na sonraí atá acu agus na dea-chleachtais maidir le gníomhaíochtaí a dhíríonn ar na céimeanna uile den slabhra cur amú bia, ó tháirgeoirí go tomhaltóirí, ar ardán an Choimisiúin Eorpaigh maidir le cur amú bia (Ardán an Aontais Eorpaigh maidir le Caillteanas Bia agus Cur Amú Bia). Déanfaidh coiste speisialta taighdeoirí an Aontais Eorpaigh, a oibríonn chun na dea-chleachtais a chur chun cinn agus a chur ar fáil go héasca, an fhaisnéis seo a bhainistiú agus anailís a dhéanamh uirthi. Ba cheart na sonraí maidir le dea-chleachtais a aicmiú de réir chineálacha na táirgeachta agus chineálacha an tomhaltais. Ina theannta sin, ba mhaith linn líonra de chathracha/réigiúin a chur chun cinn ag a bhfuil rochtain ar na sonraí agus a bhaineann úsáid as na cleachtais is fearr dóibh, bunaithe ar phatrúin tomhaltais agus táirgthe atá cosúil lena chéile. Bunaítear an líonra do na ceantair sin chun foghlaim óna chéile bunaithe ar na cosúlachtaí sin. D'fhéadfaí an coincheap 'comhchathracha' a chur i bhfeidhm chun na críche seo: oibríonn cathracha le cheile a bhfuil na saincheisteanna céanna acu maidir le cur amú bia chun réiteach a fháil ar na saincheisteanna seo.

#### Réasúnaíocht/réasúnú

D'fhéadfaí na dea-chleachtais a roinnt ar bhealach níos éifeachtúla agus níos comhsheasmhaí. Chomh maith leis sin, bhainfeadh sé seo úsáid as Ardán an Aontais Eorpaigh maidir le Caillteanas Bia agus Cur Amú Bia, agus an coincheap Eurocities agus 'comhchathracha'. Ba mhaith linn comhar na gcathracha agus na réigiún a chumhachtaigh ar fud na hEorpa.

#### Nótaí breise

## MOLADH 5

## Sonraí a bhailiú ar fud an tslabhra soláthair bia

Molaimid go mbaileodh comhlacht de chuid an Aontais, nó gníomhaireachtaí eile, nó institiúidí taighde, sonraí maidir le conas, cén áit, cé, cén fáth agus cathain a gcuirtear bia amú ar fud an tslabhra soláthair bia. D'fhéadfadh sé seo tarlú trí:

1. Iompraíocht tomhaltóirí aonair trí thomhas a dhéanamh ar aip;
2. Bailiú sonraí a dhéanamh aghaidh ar aghaidh, tríd an suirbhé Eorabharaiméadair;
3. Suirbhéanna arna seoladh chuig scoileanna agus chuig eagraíochtaí oideachais eile. Rud a d'fhéadfadh a dhéanamh roimh/tar éis idirghabháil scoile a dhíríonn ar an gcur amú bia;
4. Painéal náisiúnta saoránach a úsáid mar chohórt ionadaíoch chun críocha taighde;
5. Dialann a choinneáil ar iompraíocht tomhaltóirí, d'fhéadfadh sé bheith ina staidéar idirghabhála. Spreagadh a fháil ó phainéil tomhaltóirí scanta ón mBeilg/ón Ísiltír;
6. Bearta arna mbailíochtú ar bhonn na heolaíochta ó ollscoileanna a úsáid;
7. Staidéir bhreathnaitheacha — lena ndéantar taighde go sonrach ar mhéideanna dramhaíola iarbhír trí leas a bhaint as próisis bainistíochta dramhaíola na gcathracha agus na mbardas atá ann cheanna;
8. Sonraisc ó idirghníomhaíochtaí idir ollmhargaí agus feirmeoirí a bhailiú agus comparáid a dhéanamh eatarthu;
9. Foirmeacha maidir le dramhaíl a thuairisciú a chaighdeánú.

### Réasúnaíocht/réasúnú

Molaimid é seo mar má tá a fhios againn cén áit, cathain, agus cén fáth a chuirtear bia amú, is féidir linn tús a chur le feachtais múscailte feasachta a bheadh níos spriocdhírithe, agus mionléargas a sholáthar maidir leis an áit a bhféadfaimis an tionchar is mó a bheith againn ar laghdú cur amú bia. Creideann ár ngrúpa go mbeimid in ann aghaidh a thabhairt ar na réitigh ar chur amú bia ar bhealach níos éifeachtaí ach sonraí níos cruinne a bhailiú maidir le cén áit go díreach a gcuirtear bia amú sa bhiashlabhra. Díríonn an mhodheolaíocht choiteann atá ann cheana chun sonraí an Aontais a bhailiú maidir le cur amú bia (mar a shainítear i gCinneadh Tarmligthe (AE) 2019/1597 ón gCoimisiún) ar chur amú bia a thomhas, ach is é is aidhm dár dtogra sonraí níos mionsonraithe a bhailiú maidir le cé, cathain, agus cén áit a gcuirtear bia amú. D'fhéadfaí na tionscadail/tionscnaimh bailithe sonraí a úsáid chun na sonraí cainníochtúla a bailíodh a fhorlíonadh sa tuairisciú nua a dhéanann na Ballstáit gach bliain. Soláthrófar leis sin sonraí níos mionsonraithe maidir leis na ceisteanna a bhaineann le cur amú bia — 'céard, cé, conas, cathain agus cén áit'.

### Nótaí breise

**Nótaí maidir leis na sonraí ar mhaith linn go mbaileofar iad:** Ba cheart dúinn sonraí a bhailiú maidir leis na ceisteanna a bhaineann le cur amú bia — 'céard, conas, cé, cathain agus cén áit'. **Céard/Cathain a chuirtear bia amú:** Céard é an bia atá á chur amú againn agus céard é an comhthéacs ina dhéanaimid é sin? Céard go díreach atá á chur amú ag daoine — Cé mhéad gram bia a fhágtar ar an bpláta? Sonraí maidir leis an méid a cheannaíomar i gcoinne an méid a chuirimid amú. **Cén chaoi?** Cén chaoi a chuirtear amú é — an gcuirtear sa bhruscar é? Ar cócaráladh é nuair a bhí sé ró-dhéanach/imithe ó mhaith/as dáta? Ar cheannaíomar an iomarca? D'fhéadfaí machnamh a dhéanamh ar dhifríochtaí cultúrtha freisin. **Cé dóibh é?** Cé sa slabhra soláthair a chuireann bia amú — dáileoirí, tomhaltóirí, etc? Ar leibhéal an tomhaltóra, an bhfuil miondealú ann a léiríonn cé hiad na tomhaltóirí a chuireann an bia is mó amú iad — an bhféadfaí é seo a nascadh le haois nó le tír? (Nóta: an mbeidh daoine sásta na sonraí seo a sholáthar?).

A bhaineann le pointe 5): Is é *Growth for Knowledge/GFK* ainm na cuideachta atá ag tabhairt spreagadh dúinn.

Creideann an grúpa seo go bhfuil sé an-tábhachtach príobháideachas agus sonraí pearsanta shaoránaigh na hEorpa a urramú. Ní mór d'aon staidéar a dhéantar bunaithe ar ár moladh é seo a urramú.

## MOLADH 6

### Tá tábhacht le guthanna na saoránach: Rannpháirtíocht na saoránach i mbeartas bia na hEorpa

Chun tógáil ar an gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa agus ar an bPainéal Saoránach Eorpach um Chur Amú Bia, molaimid go mbunófar fóraim áitiúla agus náisiúnta um rannpháirtíocht na saoránach. Chuirfí de chúram ar na fóraim seo straitéisí náisiúnta a leanúint, faireachán a dhéanamh orthu agus comhairle a thabhairt ina leith, chun treoracha an Aontais a chur chun feidhme maidir le cur amú bia a laghdú ó pheirspictíocht na saoránach. Ina theannta sin, molaimid gur cheart go gcuirfear ionadaíocht agus rannpháirtíocht na saoránach lena gcomhordaíonn idirghníomhaíocht idir fóraim na rannpháirtíochta san áireamh le hArdán an Aontais Eorpaigh maidir le Cur Amú Bia. Ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais, ba cheart do na fóraim ardán a sholáthar chun faisnéis a roinnt agus ardán le haghaidh foghlama frithpháirtí idir saoránaigh/ tomhaltóirí, páirtithe leasmhara, agus lucht ceaptha beartas.

### Réasúnaíocht/réasúnú

Molaimid é seo toisc go bhfuil sé tábhachtach guth a thabhairt do shaoránaigh, próiseas atá cothrom agus trédhearcach a áirithiú, agus ligean do shaoránaigh agus do lucht déanta cinntí oibriú i gcomhar agus foghlaim óna chéile. Is saineolaithe ar a saol féin iad na saoránaigh, agus ní mór meas a thabhairt ar a bpeirspictíochtaí ar an leibhéal áitiúil, ar an leibhéal náisiúnta, agus ar leibhéal an Aontais.

### Nótaí breise

## MOLADH 7

### Díreach bainte: Luach an bhia shéasúraigh

Molaimid athrú ar nósanna custaiméirí trí thomhaltóirí a chur ar an eolas maidir le luach an bhia shéasúraigh. Ba cheart é seo a dhéanamh trí fhógraí soiléire sna siopaí a chuireann ar a chumas do thomhaltóirí táirgí séasúracha a shainaithint go héasca. Ba cheart faisnéis maidir le séasúracht a chur in iúl do phobal leathan trí fheachtais faisnéise phoiblí freisin. D'fhéadfadh sé go dtabharfaí dreasacht do tháirgeoirí chun táirgí séasúracha a shaothrú, trí thomhaltóirí a chur ar an eolas trí fhógraí ar sheilfeanna agus trí fheachtais. Ina theannta sin, molaimid go dtáirgfear sonraí níos fearr maidir leis na bealaí is éifeachtaí chun saothrú táirgí séasúracha a dhreasú agus srian a chur le bianna atá ar cháilíocht íseal agus atá neamhshéasúrach a allmhairiú.

### Réasúnaíocht/réasúnú

Molaimid an moladh seo mar gheall go ndéantar go minic bia a allmhairiú atá neamhshéasúrach agus/nó atá ar cháilíocht níos ísle ná bia séasúrach. D'fhéadfadh tionchar a bheith ag táirgí atá ar cháilíocht níos airde ar iompraíocht tomhaltóirí, ós rud é go gcuirimid de ghnáth luach níos mó ar bhia atá ar cháilíocht níos airde, agus cuirimid níos lú amú dá bharr.

### Nótaí breise

# BLOC TOPAICÍ II 'TIONSCNAIMH GHNÓ BIA'

## MOLADH 8

### Líonra malartaithe bia uile-Aontais

Molaimid go nascfar dáileoirí móra le chéile go díreach trí chlár ar shuíomh gréasáin ar fud an Aontais a éascaíonn bia atá chun dul in éag nó farasbarr bia a mhalartú. Chuirfeadh an leathanach gréasáin seo cosc le cur amú bia trí chumarsáid a éascú laistigh de na leibhéil (féach thíos) agus leis an gcéad aonad earnála eile sa slabhra soláthair. Féadfaidh gnólachtaí clárú agus farasbarr bia a dhíol nó a cheannach ar phraghas níos ísle. Bheadh trí leibhéal i gceist:

1. Bheadh táirgeoirí, feirmeoirí, agus dáileoirí ar leibhéal a haon.
2. Bheadh ollmhargaí, bainc bhia, agus cistineacha pobail ar leibhéal a dó.
3. Baineann tomhaltóirí agus teaghlaigh le leibhéal a trí.

**Réasúnaíocht/réasúnú**

**Nótaí breise**

## MOLADH 9

### Ceannacháin bheartaithe agus athdháileadh

Molaimid go bhforbrófar creat dlíthiúil chun reachtaíocht na mBallstát a chomhchuibhiú maidir le cleachtais don slabhra soláthair ar fad a bhaineann le bia atá ar tí dul ó mhaith nó farasbarr bia a athdháileadh, ag cur san áireamh rialacháin sábháilteachta agus réamhaisnéisiú sonraí. Ba cheart ceannacháin a choigeartú i ndáil leis an méid a dhíolfar. D'fhéadfaí ollmhargaí agus soláthróirí a dhreasú ach sochair (mar shampla, trí bhuntáistí cánach) chun díol ar phraghsanna níos ísle nó chun deonacháin a thabhairt.

**Réasúnaíocht/réasúnú**

**Nótaí breise**

## MOLADH 10

### Seasann bialanna don choincheap 'taitneamh a bhaint as bia gan é a chur amú'

Molaimid an plean a leanas do na hinstitiúidí Eorpacha maidir le cur amú bia a laghdú i mbialanna. Chomh fada agus go gcomhlíontar critéir cháilíochta áirithe (amhail na cinn a dtugtar achoimre orthu thíos), ba cheart go gceadófar do gach cineál bialann lógó a thaispeáint (rud a bheadh comhchuibhithe ar fud na hEorpa). D'fhógrófaí leis an lógó an fhéidearthacht maidir le fuílleach bia a thabhairt abhaile agus ba cheart d'fhreastalaithe paicéid a sholáthar chun fuílleach bia a thabhairt abhaile. Ba cheart do na bialanna a chuireann plean an lógó i bhfeidhm téacs breise a scríobh ar a mbiachláir a luann 'is féidir leat d'fhuílleach bia a thabhairt abhaile leat'. Má tá fuílleach bia ullmhaithe fós fágtha, ba cheart é a thairiscint do na fostaithe. Má tá fuílleach amhábhair bia fós fágtha ón gcistin, ba cheart iad a thairiscint do Bhainc Bhia/institiúidí carthanais eile.

Má tá bia do-ite, ba cheart úsáid a bhaint as chun fuinneamh inathnuaite a tháirgeadh. Ba cheart tacaíocht airgeadais a thabhairt do na bialanna a chuireann an plean seo i bhfeidhm, chun spreagadh a thabhairt do na bialanna na critéir cháilíochta seo a chomhlíonadh (nó critéir cháilíochta breise). D'fhéadfadh faoiseamh cánach a thabhairt isteach mar dhreasacht airgeadais agus d'fhéadfaí cabhair bhreise a dheonú. Ós rud é go bhféadfadh fuílleach bia ó chistineacha a mheá nó a thomhas, d'fhéadfaí monatóireacht a dhéanamh air agus é sin a chur san áireamh don fhaoiseamh cánach.

**Réasúnaíocht/réasúnú**

Molaimid é seo mar go laghdódh sé dramhaíl ó chur amú bia a thagann ó bhialanna agus laghdódh sé go mór éifeacht an náirithe a d'fhéadfadh tarlú nuair a dhéantar fuílleach bia a iarraidh. Má ghníomhaíonn bialanna mar eiseamláirí, tabharfar leis sin spreagadh do theaghlaigh phríobháideacha a gcur amú bia a laghdú freisin.

**Nótaí breise**

## MOLADH 11

### Bíonn drochiarmhairt ag gach rud a chuirtear amú

Molaimid go mbeadh sé de cheangal ar na heagraíochtaí atá i gceannas ar bhainistíocht dramhaíola dramhaíl orgánach a mheá nó a thomhas. Sa ghearrthéarma, ba cheart don phlean díriú ar institiúidí poiblí (mar shampla scoileanna agus ospidéil), comharsanachtaí nó ceantair iomlána, agus san fhadtéarma, ba cheart go gcuirfear teaghlaigh phríobháideacha san áireamh leis sin freisin. Ba cheart d'ionadaithe ó na hinstitiúidí/ceantair seo agus, ar chéim níos déanaí, teaghlaigh phríobháideacha tuarascálacha agus comparáidí a fháil go tráthrialta maidir le tréimhsí roimhe agus comparáidí le heintitis eile. Mar thoradh air sin, tá feasacht níos mó ann chomh maith le dreasacht chun cur amú bia a laghdú. Ní chaithfear é a thomhas ar an mbealach céanna sna tíortha uile, is leordhóthanach é go mbeadh sé inchomparáide sna tíortha faoi seach.

#### Réasúnaíocht/réasúnú

Molaimid é seo toisc go méadódh sé feasacht i measc tomhaltóirí. Bheadh sé ann mar dhreasacht freisin chun cur amú bia a fheabhsú agus a laghdú. D'fhéadfaí torthaí an mholta a thomhas sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma, lena dtabharfaí spreagadh chun cur amú bia a laghdú.

#### Nótaí breise

## MOLADH 12

### Córas tuairiscithe éigeantaigh le haghaidh trédhearcachta mar aon le pionóis agus luaíochtaí

Molaimid córas tuairiscithe a bhunú (go háirithe a bheadh cosúil le deimhniúchán ISO) chun caighdeáin shonracha a shocrú ar fud iomlán an luachshlabhra lena n-áirítear táirgeoirí, monaróirí, miondíoltóirí, ollmhargaí, bialanna, agus óstáin. Ba cheart go ndéantar idirdhealú leis sin idir fiontair mhóra agus fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) bunaithe ar chatagóirí atá ann cheana chun méid na ngnólachtaí a aicmiú. Ba cheart pionóis a bheith ann i gcás ina sáraítear caighdeáin chomh maith le cúiteamh do na gnólachtaí a dhéanann níos fearr. Ba cheart córas fíneála coibhneasta a bheith ann a bheadh comhréireach le tromchúis an chiona agus le méid an ghnólachta. Ba cheart cúiteamh a úsáid go príomha bunaithe ar chóras lipéad, mar shampla, gráid ABC, nó d'fhéadfaí úsáid a bhaint as dreasachtaí airgeadais, go háirithe do FBManna. Ní mór go gcuirfí tuairisciú de chúram ar iniúchóirí neamhspleácha agus seachtracha, seachas na gnólachtaí. Tá sé de chúram ar údaráis phoiblí ar leibhéal na mBallstát (mar shampla aireachtaí nó comhlachtaí rialála) cur chun feidhme agus monatóireacht a áirithiú. Ba cheart do na sonraí a bheith inrochtana don phobal agus ba cheart go n-éascófar piarfhoghlaim leis. Ba cheart go mbeadh feidhm formhaoirseachta agus comhordaithe ag an gCoimisiún.

#### Réasúnaíocht/réasúnú

Tá sé tábhachtach chun críoch trédhearcachta go mbeadh sonraí na lipéad ar fáil go héasca agus inrochtana do dhaoine ar mhaith leo tuilleadh faisnéise a fháil seachas an fhaisnéis atá ar an lipéad amháin.

#### Nótaí breise

## MOLADH 13

### Reachtaíocht uile-Aontais maidir le táirgí bia nár díoladh a scriosadh — cur chuige piarfhoghlama ar fud na mBallstát

Ní mór a áirithiú go mbainfear úsáid as táirgí bia i gcéimeanna éagsúla sula gcuirfear amú iad. Tugtar tús áite do chur amú bia a sheachaint, ach mura bhféadfar é sin a dhéanamh, beidh feidhm ag an bpróiseas a leanas: bia don duine, bia d'ainmhithe, bithbhreosla, agus múiríniú. Tá sé de chúram ag na Ballstáit go mbeadh an bonneagar is gá i bhfeidhm chun cur chun feidhme a éascú. Leagann an tAontas síos sprioc uileghabhálach chun cur amú bia a laghdú faoi chéatadán faoi leith. Leagann na Ballstáit síos caighdeáin náisiúnta ionas go mbainfear amach sprioc an Aontais i gcomhpháirt. Is féidir leis na Ballstáit bearta deonacha nó bearta sainordaitheacha a chur chun feidhme le comhlíonadh ag gnólachtaí. Is gá go mbeifí in ann an laghdú seo a thomhas. Tar éis céim phíolótach a dhíríonn ar ollmhargaí, agus coigeartuithe bunaithe ar an bpiarfhoghlaim, ba cheart an dea-chleachtas a bheith mar threoirlíne do na Ballstáit uile.

#### Réasúnaíocht/réasúnú

Ní oibríonn sampla na Fraince, mar sin ní mór dúinn réiteach níos fearr a fháil, mar shampla rud éigin cosúil leis an ardán ar líne san Fhionlainn ina n-uaslódálann gnólachtaí an bia a bheadh á chur amú acu ar líne. Ní mór dlí lena gcuirtear cosc ar chur amú bia a choinneáil ginearálta chun cuntas a choinneáil ar chultúir éagsúla na mBallstát.

#### Nótaí breise

## MOLADH 14

### Trédhearcacht maidir le cur amú bia ar mhaithe le hinfheictheacht agus gníomhaíocht

Molaimid gur cheart go mbeadh sé d'oibleagáid ar gach rannpháirtí i slabhra an tsoláthair bia, seachas teaghlaigh aonair, tomhas agus tuairisciú trédhearcach a dhéanamh ar dhéileáil le cur amú bia agus ar a láimhseáil. Ba cheart béim bhreise a leagan freisin ar an ngá atá le roghanna nua maidir le bailiú sonraí chomh maith leis an gcaillteanas bia in earnáil na talmhaíochta a áireamh.

Ina theannta sin, ba cheart dreasachtaí difreáilte chun comhaontuithe deonacha a chur chun cinn a leanúint chun tacú le hinstitiúidí ról ceannródaíochta a bheith acu. Chomh maith leis sin, cuireann bearta ceartaitheacha leis an tábhacht, atá dírithe ar gach rannpháirtí i slabhra an tsoláthair bia (seachas teaghlaigh aonair) a chur san áireamh.

Ba cheart don Aontas meastóireacht dea-chleachtais a dhéanamh ar na Ballstáit éagsúla maidir leis na struchtúir tuairiscithe agus na dreasachtaí atá acu cheana chomh maith le bearta ceartaitheacha. Cuidíonn sé sin le creat leabaithe breise a bhunú don Aontas chun sonraí a dhéanamh níos inchomparáide.

#### Réasúnaíocht/réasúnú

Molaimid é sin toisc gurb í an fheasacht ar chur amú bia atá ann cheana féin an bunús chun cur chuige breise a chur i bhfeidhm, amhail dreasachtaí, comhaontuithe deonacha nuálacha, agus sásraí ceartaitheacha chun cur amú bia a sheachaint.

#### Nótaí breise

Mar shampla de dhreasachtaí, d'fhéadfaí teicníc lipéadaithe uile-Aontais a úsáid chun tairbhe a bhaint as straitéisí margaíochta. Sampla eile a d'fhéadfadh a bheith ann ná cúiteamh airgeadais iomchuí chun cur amú bia a laghdú.

## MOLADH 15

## Nuálaíocht ó thaobh pacáistiú agus úsáid pacáistíochta nuair is gá

Molaimid tuilleadh infheistíochta a dhéanamh i dtaighde eolaíochta ar bhealaí nuálacha agus malartacha de phacáistiú inbhuanaithe. Cuidíonn sé seo leis an saolré a mhéadú, le méid an phacáiste a fheabhsú chun cur amú bia a laghdú, agus le sábháilteacht bia níos fearr a áirithiú lena iompar. Ba cheart don Aontas tacú leis sin ar bhonn airgeadais agus polaitiúil trí chláir iomchuí, amhail cistiú gnólachtaí nuathionscanta agus fórsaí nuálaíochta beaga. Ina theannta sin, molaimid tacú le miondíoltóirí bia a dhíol gan phacáistíocht, i gcás inar féidir, gan sábháilteacht bia a chur i mbaol.

### Réasúnaíocht/réasúnú

Molaimid é seo mar táimid fós ag brath go mór ar an bpacáistíocht, go háirithe maidir le hiompar agus sábháilteacht bia. Dá bhrí sin, creidimid gur féidir rannchuidiú leis sin trí thacaíocht a thabhairt do nuálaíochtaí (taighde/gnólachtaí nuathionscanta) i bpacáistíocht atá fónta ó thaobh an chomhshaoil de. Ar thaobh amháin, dá ndéanfaí méideanna pacáistíochta bia mheataigh a choigeartú, laghdófaí ar chur amú bia, agus aird á tabhairt ag an am céanna ar an riosca go mbeadh níos mó dramhaíola ó phacáistíocht ann (agus ba cheart é a bheith d’aidhm ag an taighde thuasluaite an méid sin a chosc). Ar an taobh eile, ba cheart na sciartha aonair a thairiscint, áit ar féidir le duine a choimeádán féin a thabhairt leis nó léi (chun cur amú bia a laghdú freisin, chomh maith le cineálacha eile dramhaíola). Má fhorbraímid struchtúr pacáistíochta atá neamhdhíobhálach don chomhshaol agus má dhéantar a bhonneagar a oiriúnú, ar deireadh thiar, is féidir glacadh tomhaltóirí a bhaint amach.

### Nótaí breise

# BLOC TOPAICÍ III — TACAÍOCHT A THABHAIRT CHUN IOMPAR I MEASC TOMHALTÓIRÍ A ATHRÚ

## MOLADH 16

### An sainmhíniú ar chur amú bia a leathnú chun bia gan bhuaint a shábháil

Molaimid gur cheart bia gan bhuaint a chomhtháthú sa sainmhíniú Eorpach ar chur amú bia. Ba mhaith linn freisin go mbeadh an deis ag feirmeoirí táirgí nach bhfuil chomh foirfe ach atá fós inite a thráchtálú. Chun caillteanas bia a sheachaint, ba cheart d'fheirmeoirí comharthaí a fháil ina bhfógraítear gur féidir le teaghlaigh phríobháideacha agus eagraíochtaí neamhrialtasacha bia gan bhuaint a bhuaint.

Ní mór an smaoineamh sin a chur in iúl do dhá ghrúpa:

- → do shaoránaigh tríd an bhfeachtas a fhorbraítear i moladh 20;
- → d'fheirmeoirí trí aireachtaí talmhaíochta na mBallstát. Ba cheart do na Ballstáit an moladh sin a chur chun feidhme i gcomhar le bardais áitiúla agus le ceardchumainn táirgeoirí.

### Réasúnaíocht/réasúnú

Molaimid é seo toisc go bhfuil sé míréasúnta bia inite a chur amú. Cuidíonn buaint dhíreach aitheantas a thabhairt don obair a dhéanann feirmeoirí agus luach a chur ar an mbia a tháirgeann siad.

### Nótaí breise

Dúshlán atá ann ná nach mian linn an milleán a chur ar fheirmeoirí.

## MOLADH 17

### Daoine fásta a spreagadh chun gur tosaíocht acu beart a dhéanamh maidir le cur amú bia

Molaimid gur cheart do gach Ballstát clár a chur chun feidhme do dhaoine fásta chun feasacht agus eolas a mhúscailt maidir leis an gcostas a bhaineann le cur amú bia agus na tairbhí a bhaineann le cosc a chur air ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil.

Ba cheart é sin a bheith bunaithe ar na sonraí is fearr atá ar fáil (moladh 5) chun práinn na faidhbe a chur i dtábhacht. Ba cheart go n-áireofaí leis aipeanna (moladh 18), feachtais (moladh 4 agus 20), breisoideachas agus oiliúint do dhaoine atá ag obair i dtionscal an bhia, cláir oiliúna inmheánacha do ghairmithe chomh maith le cláir faisnéise agus cláir teilifíse ar an ábhar. I measc na bhféidearthachtaí bheadh fógraí gearra a léiríonn an tairbhe a bhaineann le hathúsáid bia, An Domhnach a chur chun cinn mar lá fuílligh, agus seónna cluichí a chruthú le comórtais cócaireachta d'aosaigh óga chun páirt a thabhairt do na craoltóirí.

Tá sé tábhachtach daoine a chur ar an eolas, trí theachtaireacht shimplí nó poiteanna simplí, faoi na tairbhí eacnamaíocha agus don chomhshaol a bhaineann le gan bia a chur amú.

D'fhéadfadh na meáin, go háirithe stáisiúin raidió agus teilifíse na seirbhíse poiblí, na meáin chlóite, na meáin shóisialta, institiúidí poiblí, músaeim, agus miondíoltóirí a bheith ina bpríomhrannpháirtithe maidir le scaipeadh faisnéise. D'fhéadfadh institiúidí an Aontais atá ann cheana acmhainní a fhorbairt chun tacú leis na Ballstáit (mar shampla, Áras Stair na hEorpa).

### Réasúnaíocht/réasúnú

Molaimid é seo toisc go ndéileálann moltaí eile le hoideachas leanaí, ach mar aon leis sin teastaíonn gníomhartha uainn a bhfuil éifeacht ghearrthéarmach láithreach acu ar an nglúin reatha atá ag ceannach agus ag cócaráil.

### Nótaí breise

Tairbhe is ea go ndéanfaidh poiteanna i gcoinne cur amú bia a úsáidtear in ollmhargaí cothromú ar an margaíocht a chuireann ina luí ar dhaoine an iomarca a cheannach.

## MOLADH 18

### Feasacht maidir le cúrsaí cothaithe agus bia inbhuanaithe i mbunscoileanna agus i meánscoileanna

Molaimid go gcuirfí na topaicí maidir le bia agus cothú inbhuanaithe san áireamh i gcuraclaim na mbunscoileanna agus na meánscoileanna, trí chúrsaí éigeantacha neamhspleácha nua a chruthú, mar atá ann cheana féin i roinnt tíortha, agus/nó iad a chuimsiú in ábhair éigeantacha atá ann cheana. Tá sé d'aidhm ag an moladh seo feasacht na ndaltaí ar chur amú bia a mhéadú trí phlé a dhéanamh ar luachanna socheacnamaíocha, táirgeadh agus tomhaltas inbhuanaithe, iompraíochtaí siopadóireachta, eacnamaíocht teaghlaigh, agus taithí phraiticiúil a thugann scoileanna agus feirmeacha níos gaire dá chéile. Chun an moladh sin a dhéanamh, tá dhá réamhchoinníoll ann a bhfuil súil againn go n-achtóidh an tAontas Eorpach iad. Ar an gcéad dul síos, tá feachtas múscailte feasachta il-gheallsealbhóirí ag teastáil uainn chun móiminteam maidir leis an topaic a chruthú agus a mhéadú (moladh 20). Ar an dara dul síos, ní mór dúinn tacú le múinteoirí trí oiliúint, agus trí mhalartuithe agus ábhair oideolaíocha, trí leas a bhaint as líonraí atá ann cheana agus trí dhea-chleachtais chruthaithe. Cé go n-aithnímid go dtógann na hathruithe sin am lena chur chun feidhme, tá sé tábhachtach laethanta gníomhaíochta nó seachtainí gníomhaíochta a eagrú cheana féin maidir le cur amú bia i scoileanna, le gníomhaithe sochaíocha éagsúla a shlógadh (moladh 21).

#### Réasúnaíocht/réasúnú

Is comhartha é cur amú bia ar shaincheisteanna sistéamacha níos leithne a bhaineann leis an gcaoi a ndéanaimid bia a tháirgeadh, a cheannach agus a thomhailt sa lá atá inniu ann san Eoraip, agus dá bhrí sin, an fáth ar gá d'aon ghníomhaíocht oideolaíoch dul níos faide ná cur amú bia, ach luachanna agus todhchaíochtaí inmhianaithe don táirgeadh agus don tomhaltas san Eoraip a mheas. Is inniúlacht náisiúnta i gcónaí é an t-oideachas agus tá curaclaim éagsúla ag gach Ballstát. Aithnímid na difríochtaí sin, agus an tAontas Eorpach á spreagadh chun gníomhaíochtaí uaillmhianacha a chur chun cinn, le hábhair scoileanna nua agus/nó atá ann cheana, amhail tíreolaíocht nó eacnamaíocht.

#### Nótaí breise

## MOLADH 19

### Feidhmchláir comhroinnte bia agus ardáin a nascann tomhaltóirí le chéile a chur chun cinn agus tacú leo

Molaimid don Aontas feidhmchláir agus ardáin atá ann cheana, amhail Olio nó FoodSharing.de, a chur chun cinn agus tacú leo. Ní mór do na huirlisí atá le cur chun cinn roinnt bunchritéir a chomhlíonadh agus measúnú a dhéanamh orthu dá réir: soláimhsitheacht don úsáideoir, saibhreas an bhunachair sonraí, neamhspleáchas, inoiriúnaitheacht do chomhthéacsanna áitiúla, agus an fíorthionchar maidir le cur amú bia a shrianadh. Ní mór don Aontas, do na húdaráis náisiúnta agus réigiúnacha a bheith réamhghníomhach agus iad ag cur chun cinn na n-uirlisí is mó a bhfuil gealladh fúthu atá ann cheana, agus tacaíocht á tabhairt go háirithe, ach ní hamháin ó thaobh airgeadais de, dá bhforbairt agus dá gcothabháil trína gcláir éagsúla taighde, gníomhaíochta agus cistiúcháin. Ba cheart go spreagfadh cistiú poiblí faisnéis cháilíochtúil agus neodrach, saor ó fhógraí.

#### Réasúnaíocht/réasúnú

Tá roinnt mhaith feidhmchlár ann a thugann gníomhaithe éagsúla le chéile, ó ghnólachtaí go tomhaltóirí, nó tomhaltóirí go tomhaltóirí. D'fhéadfaí go bhfuil tar éis éirí go maith le cuid de na huirlisí seo chun tomhaltóirí a thabhairt le chéile, rud a chuideodh leo bia a shábháil. Mar sin féin, is cosúil go bhfuil cumhdach geografach teoranta acu nó nach bhfuil Eorpaigh ar an eolas fúthu a dhóthain. Creidimid go bhfuil sé tábhachtach don Aontas agus do na Ballstáit tacú go gníomhach le nuálaíochtaí teicneolaíochta a bhfuil tionchar mór acu, rud a fhágfaidh go mbeidh an doras oscailte do smaointe agus do nuálaíochtaí nua teacht chun cinn agus a bheith inbhuanaithe san fhadtéarma.

#### Nótaí breise

## MOLADH 20

## Sábháil bia, sábháil airgead: Feachtas Eorpach i gcoinne an chur amú bia i gcomhar le miondíoltóirí bia ar cheithre dheireadh seachtaine sa bhliain

Molaimid don Aontas feachtas a chomhordú ina ndírítear ar shiopaí a dhíolann bia (miondíoltóirí bia, ollmhargaí, hipearmhargaí, siopaí beaga) le húsáid sna Ballstáit. Bheadh an feachtas seo ar siúl thar cheithre deireadh seachtaine gach bliain, agus dhíreodh sé ar an topaic ‘sábháil bia, sábháil airgid’. Bheadh sé suas do na Ballstáit éagsúla cinneadh a dhéanamh maidir leis an deireadh seachtaine atá le roghnú. Ba cheart rogha an dáta a bheith bunaithe ar an gcuspóir feasacht a mhúscailt maidir le nósanna ceannaithe bia (mar shampla maidir le ceiliúradh náisiúnta nó cultúrtha) agus séasúracht (mar shampla thart ar thráth buainte). Tionscnamh den Aontas Eorpach a bheadh san fheachtas, lena bhforbrófaí dearadh aonfhoirmeach amhairc (an lógó céanna, an dathchód, etc.) do na Ballstáit uile. Chuirfí an feachtas chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta ansin agus chuirfí in oiriúint é bunaithe ar shainiúlachtaí gach tíre, ar a bhféilire bliantúil, ar a nósanna bia, etc.

### Réasúnaíocht/réasúnú

Molaimid é sin toisc go bhfuil sé tábhachtach feasacht a mhúscailt i measc na saoránach maidir le cur amú bia. Níl ann ach Lá Idirnáisiúnta na Feasachta maidir le Caillteanas Bia agus Dramhaíl a Laghdú, rud nach bhfuil saoránaigh ar an eolas faoi agus rud a chailltear i measc líon mór na laethanta idirnáisiúnta eile. Chuirfí síneadh leis an imeacht nua go dtí ceithre dheireadh seachtaine in aghaidh na bliana. D’fhorbródh sin infheictheacht na saincheiste i measc shaoránaigh na hEorpa, agus bheadh foirm na ndeirí seachtaine rialta i rith na bliana ní b’úsáidí ná lá amháin. Bheadh sé sin ina bhealach freisin chun an imeacht Eorpach a dhifreáil ó ghnáthlaethanta idirnáisiúnta.

### Nótaí breise

- Buntáiste amháin dár moladh is ea go músclódh sé feasacht i measc shaoránaigh na hEorpa maidir le ceannach, tomhaltas agus séasúracht bia mar bhealaí chun cur amú bia a sheachaint. Dá mbeadh feachtas eagraithe thart ar cheithre dheireadh seachtaine in aghaidh na bliana, bheadh tráthrialtacht sna teachtaireachtaí a chuirtear ar aghaidh chuig saoránaigh. Buntáiste eile a bheadh ann ná comhar le miondíoltóirí bia a spreagadh mar chuid den fheachtas seo agus miondíoltóirí bia a tharraingt isteach sa chomhrac in aghaidh cur amú bia.
- I measc na ndúshlán, tá ceist ann maidir le conas miondíoltóirí bia/ionaid díola bia a mhealladh chun páirt a ghlacadh san imeacht. Toisc gurb iad cuspóirí miondíoltóirí bia an oiread agus is féidir a dhíol, d’fhéadfadh drogall a bheith ar roinnt acu daoine a spreagadh níos lú bia a ithe nó nósanna éagsúla tomhaltais a ghlacadh. Ar an taobh eile, is é cuspóir siopa ar bith, lena n-áirítear iad siúd a dhíolann bia, brabúis a ghiniúint, mar sin d’fhéadfaidís smaoineamh ar an imeacht mar straitéis chun íomhá mhaith a fhorbairt mar ghníomhaithe sa chomhrac in aghaidh cur amú bia. Baineann dúshlán eile leis na saintréithe sonracha agus leis an bhféilire bliantúil sna Ballstáit náisiúnta san Aontas Eorpach: ní dhéanann roinnt tíortha an Nollaig a cheiliúradh, nó déanann siad í a cheiliúradh ar dhátaí éagsúla, agus d’fhéadfadh laethanta saoire a bheith difriúil ó thír go tír.
- Mionsonraí eile maidir leis an gcaoi a gcuirfí an moladh chun feidhme:
- Foinsí éagsúlaithe a úsáid don fheachtas in aghaidh cur amú bia i gcomhar le miondíoltóirí bia: na meáin thraidisiúnta (teilifís, nuachtáin), na meáin shóisialta, úsáid a bhaint as tionchairí áitiúla, fógraíocht. Glac an deis le linn na gceithre dheireadh seachtaine chun feachtas láidir maidir le cur amú bia nialasach a scaipeadh;
- Ag na deirí seachtaine seo, ba cheart don Aontas cumarsáid a dhéanamh faoi na miondíoltóirí bia a d’eagraigh agus a d’fhorbair tionscnaimh in aghaidh cur amú bia cheana féin. Ba cheart don Aontas tacú leis na tionscnaimh sin atá ann cheana agus cumarsáid a dhéanamh maidir le dea-chleachtais agus insint dhearfach a roinnt. Níor cheart dúinn teachtaireachtaí uafásacha a chur i dtábhacht agus ba cheart dúinn díriú ar eispéiris dhearfacha;
- Bearta leantacha agus meastóireacht a eagrú den cheithre dheireadh seachtaine chun é a fheabhsú agus níos mó daoine a shroicheadh gach bliain.

## MOLADH 21

## 'Deireadh a chur leis an gcur amú bia': Seachtain d'fheasacht i leith an chur amú bia ar scoil

Molaimid seachtain téama a eagrú i scoileanna ar chur amú bia chun feasacht maidir leis an ábhar a mhúscailt i measc leanaí óga agus déagóirí. Ghlacfadh an tseachtain foirm agus ábhar a bheadh ag brath ar aois na ndaltaí. I mbunscoileanna agus do leanaí níos óige, ba cheart go ndíreodh an tseachtain ar fheasacht a mhúscailt trí chluichí. Chruthódh agus scaipfeadh an Coimisiún Eorpach sraith straitéisí do scoileanna agus do mhúinteoirí i dteangacha uile an Aontais maidir leis an gcaoi le feasacht a mhúscailt maidir le cur amú bia i scoileanna agus maidir le conas gníomhaíochtaí ar an ábhar sin a phlé agus a eagrú i ndáil lena n-ábhair teagaisc féin. D'áireofaí sa tsraith straitéisí treoirlínte le gníomhaíochtaí molta ionas nach gcuirfí ró-ualach ar mhúinteoirí agus ba cheart go mbeadh rochtain éasca orthu ar líne. Thabharfaí duais do dhaltaí óga trí dheimhniú (le lógó an Aontais) a fháil. Chuirfeadh na stáit náisiúnta an tseachtain chun feidhme ag brath ar fheidhmiú a gcóras oideachais faoi seach agus ar fheidhmiú a bhféilirí acadúla. Bheadh cead ag scoileanna cinneadh a dhéanamh faoi na gníomhaíochtaí is mian leo a eagrú le linn na seachtaine, le cuidiú ón tsraith straitéisí a chuirtear ar fáil do mhúinteoirí.

### Réasúnaíocht/réasúnú

Ba cheart do leanaí foghlaim conas luach a chur ar bhia, ar an gcaoi a dtáirgtear bia, agus ar an méid ama a thógann sé chun bia a tháirgeadh. Tá sé tábhachtach an fheasacht seo a fháil go luath. Is féidir leis an gcineál seo imeachta tuismitheoirí a shroicheadh trí leanaí agus déagóirí, toisc go n-insíonn na daltaí dá dtuismitheoirí faoina n-eispéiris ar scoil nuair a thagann siad abhaile.

### Nótaí breise

- Buntáiste is ea gur cheart do leanaí foghlaim conas luach a chur ar bhia, conas bia a tháirgeadh, agus cá mhéad ama a thógann sé bia a tháirgeadh. Tá sé tábhachtach tús a chur go luath le foghlaim feasachta. Buntáiste eile is ea gur féidir leis an gcineál seo imeachta tuismitheoirí a shroicheadh trí leanaí agus déagóirí, toisc go n-insíonn scoláirí dá dtuismitheoirí faoina n-eispéiris ar scoil nuair a thagann siad abhaile.
- Ceann de na dúshláin is ea gan ró-ualach a chur ar mhúinteoirí chun cuimhneamh ar na gníomhaíochtaí agus na smaointe uile iad féin. Ar an gcúis sin, tá creat nó treoirlínte le gníomhaíochtaí beartaithe an-tábhachtach chun go mbeidh gach dalta i ngach scoil in ann tairbhe a bhaint as an tionscnamh seo.

## MOLADH 22

**Chun go mbeidh tomhaltóirí ar an eolas agus neamhspleách ó thaobh an tionchar a bhíonn acu ar an gcur amú bia agus chun tuiscint a fháil ar conas táirge a phróiseáil, a chaomhnú agus a athúsáid roimh an dáta agus ina dhiaidh sin.**

(is dáta sábháilteachta é an 'dáta éagtha' nár cheart táirge a ithe ina dhiaidh; léiríonn an 'dáta ar fearr roimhe' an dáta ar roimhe is fearr a bheidh caighdeán an táirge)

Molaimid uirlisí faisnéise a chur in úsáid chun léargas a thabhairt agus tomhaltóirí a ullmhú/a athullmhú ina gcumas chun breithiúnas a dhéanamh an bhfuil an táirge éagtha go fírinneach. Chun tomhaltóirí a chur ar an eolas faoin úsáid a bhaintear as a dtáirgí bia, táimid i bhfabhar lipéadú an dáta ar fearr roimhe a shainaithint ar bhealach níos fearr: an áit chéanna do gach táirge agus clómhéid níos mó. Ina theannta sin, ba mhaith linn cód QR a ghreamú go díreach ar an lipéad táirge (an fhéidearthacht an barrachód a úsáid freisin). Cad é is cuspóir don doiciméad seo? Faisnéis a tharchur ar na bealaí is fearr chun é a chaomhnú, chun a aithint (tríd an mblas agus an boladh) an bhfuil sé fós inchaite, agus leideanna cócaireachta a tharchur chun an táirge a athrú (mar shampla oidis oiriúnaithe). Dar linn, is iad na táirgeoirí, na páirtithe is fearr atá in ann an fhaisnéis atá ar fáil tríd an gcód QR a chur ar bhonn foirmiúil. Maidir le táirgí nach bhfuil lipéad orthu amhail torthaí agus glasraí, ba cheart an cód QR a chur san áit a ndíoltar na táirgí chun pacáistíocht nach bhfuil gá léi a sheachaint. Chun go mbeidh rochtain ag cách ar an bhfoinse faisnéise seo, nílimid ag cur geall go bunúsach ar an teicneolaíocht dhigiteach. Is mian linn freisin go gcuirfí uirlisí cumarsáide páipéir (treoracha in ollmhargaí, mar shampla) ar fáil.

### Réasúnaíocht/réasúnú

Molaimid é seo mar, dar linn, is dúshlán é seo chun freagracht a chur ar thomhaltóirí ina mbainistíocht bia. Is bealach é do thomhaltóirí an fhaisnéis atá ar fáil ar tháirge a chomhlánú chun tuiscint a fháil ar na saincheisteanna a bhaineann leis an dáta dulta ó mhaith. Is deis é freisin 'míthuiscintí' a shárú nó 'eagla faoi bheith tinn' tar éis an dáta éagtha. Go deimhin, tá a fhios againn go bhfuil táirgeoirí aireach leis an dáta ar fearr roimhe chun iad féin a chosaint. Déanta na fírinne, is féidir an táirge a chaitheamh ina dhiaidh sin. Ní cheistímid an tábhacht a bhaineann le dáta éagtha a chur in iúl. Go deimhin, tá sé fós ina phríomhtháscaire maidir le húire.

### Nótaí breise

Buntáiste is ea go ndíreoimid ar lipéadú chun tomhaltóirí a chur ar an eolas ar an mbealach is fearr is féidir faoi na buntáistí dá sparán chomh maith leis an gcomhshaol. Déantar achoimre ar ár smaoineamh go foirfe leis an man a: 'ceannaigh go réasúnta agus ith níos saoire'. Chun an fhoinse nua faisnéise seo a chur in iúl agus a chur chun cinn do thomhaltóirí, molaimid feachtas cumarsáide mór a úsáid chun cuspóir na huirlise nua seo a mhíniú.

## MOLADH 23

### Cleachtais chaighdeánaithe a chur chun feidhme ar an leibhéal miondíola agus táirgí á gcur chun cinn do thomhaltóirí gar don dáta dulta ó mhaith.

Molaimid go ndéanfaí ceannach táirgí gar dá dáta dulta ó mhaith a athluacháil trí iarraidh ar ghnólachtaí straitéis a ghlacadh chun na táirgí sin a bhainistiú agus a luacháil do na tomhaltóirí. Go deimhin, is é atá i gceist ná feabhas a chur ar an dearcadh atá ag teaghlaigh ar na táirgí sin ionas nach bhfuil siad ceaptha ach do chuid amháin den daonra. Tá an straitéis roinnte i gcodanna éagsúla:

- cuid rialála a bhaineann le cur chun feidhme ar an leibhéal Eorpach trí roinn a chruthú a bheidh tiomnaithe ar na táirgí sin a dhéanamh inrochtana go héasca agus inaitheanta nuair a théitear isteach sa siopa chun cleachtais tomhaltais níos fearr a chur chun cinn ag gach úsáideoir, gan beann ar ioncam;
- beartas cumarsáide a fhorbairt lena gcuirtear i dtábhacht 'ciall comónta' agus tarraingteacht na dtáirgí chomh maith leis an gcur chuige freagrach maidir le ceannach (níor cheart gnéithe cur chun cinn ró-thomhaltais a bheith ar an líne chumarsáide tosaigh);
- miondíoltóirí a spreagadh chun a mbeartas táirgí nua a chur in oiriúint gar dá ndáta dulta ó mhaith ar na seilfeanna ag buaicamanna (a chuirfí in oiriúint do chleachtais tomhaltóirí i dtíortha éagsúla na hEorpa).

### Réasúnaíocht/réasúnú

Molaimid é sin toisc go dtreisíonn sé beartas atá ann cheana i roinnt mhaith siopaí agus go ndéantar 'dea-chleachtais' a chaighdeánú ar scála Eorpach. Tá aird ar leith á tabhairt ag an ngrúpa ar an éifeacht thairbheach a bhaineann le ginearálú na mbeart sin, rud a d'athródh an íomhá timpeall ar tháirgí ar phraghas íseal (ní hamháin go bhfuil sí ar fáil do theaghlaigh ach don daonra ar fad).

### Nótaí breise

Is bealach é an moladh seo chun rannpháirtíocht cuideachtaí i gcleachtais inbhuanaithe a chur chun cinn. Go deimhin, is féidir leis dílseacht tomhaltóirí a chruthú. Mar sin féin, tá roinnt dúshlán ann maidir leis an moladh sin a chur i bhfeidhm:

- Ar thaobh an teaghlaigh: a bheith níos solúbtha agus an roghchlár seachtainiúil a oiriúnú leis na táirgí atá ar fáil;
- Ar thaobh na ngairmithe: oiliúint a chur ar an bhfoireann agus an beartas nua seo a chur i bhfeidhm;
- Ar thaobh an phobail i gcoitinne: na míthuiscintí a shárú agus na tuairimí atá ag faighteoirí na dtáirgí seo a athrú, ar chostas íseal gan dabht, ach a chuireann in éadan na n-earraí neamhdhíolta ar dtús.

## TEAGMHÁIL A DHÉANAMH LE hINSTITIÚIDÍ AN AONTAIS EORPAIGH

### Dul ann tú féin

Tá na céadta Ionad "Europe Direct" ann ar fud an Aontais Eorpaigh. Is féidir leat seoladh an ionaid is gaire duit a fháil ar líne (european-union.europa.eu/contact-eu/meet-us_ga).

### Ar an bhfón nó i scríbhinn

Seirbhís is ea Europe Direct a thabharfaidh freagra duit ar cheisteanna faoin Aontas Eorpach. Is féidir leat dul i dteagmháil leis an tseirbhís sin:

— ag uimhir shaorghlao: 00 800 6 7 8 9 10 11 (d'fhéadfadh oibreoirí áirithe táille a ghearradh as na glaonna sin),

— ag an ngnáthuimhir seo a leanas: +32 22999696,

— tríd an bhfoirm seo a leanas: european-union.europa.eu/contact-eu/write-us_ga.

## EOLAS A FHÁIL FAOIN AONTAS EORPACH

### Ar líne

Tá eolas faoin Aontas Eorpach ar fáil i ngach ceann de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh ar an suíomh gréasáin Europa (european-union.europa.eu).

### Foilseacháin de chuid an Aontais Eorpaigh

Is féidir leat breathnú ar fhoilseacháin de chuid an Aontais Eorpaigh nó is féidir leat iad a ordú ag op.europa.eu/ga/publications. Más mian leat a lán cóipeanna d'fhoilseacháin saor in aisce a fháil, is féidir dul i dteagmháil le Europe Direct nó le d'ionad doiciméadúcháin áitiúil chun é sin a dhéanamh (european-union.europa.eu/contact-eu/meet-us_ga).

### Dlí an Aontais Eorpaigh agus doiciméid ghaolmhara

Chun teacht ar fhaisnéis dhlíthiúil ón Aontas Eorpach, dlí an Aontais Eorpaigh ón mbliain 1951 ar aghaidh sna teangacha oifigiúla san áireamh, téigh chuig EUR-Lex (eur-lex.europa.eu).

### Sonraí oscailte an Aontais Eorpaigh

Ar an tairseach data.europa.eu, cuirtear rochtain ar fáil ar thacair sonraí oscailte ó institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh. Is féidir iad a íoslódáil agus a athúsáid saor in aisce chun críoch tráchtála nó neamhthráchtála. Cuirtear rochtain ar fáil freisin ar neart tacair sonraí ó thíortha na hEorpa.

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh


| | | | |
|---|---|---|---|
| Print | ISBN 978-92-68-06462-7 | doi:10.2775/093060 | NA-09-23-364-GA-C |
| PDF | ISBN 978-92-68-06461-0 | doi:10.2775/460803 | NA-09-23-364-GA-N |